

The logo for the Higher Education Authority (HEA) of Ireland, consisting of the letters 'HEA' in a bold, white, sans-serif font.

An tÚdarás um Ard-Oideachas
The Higher Education Authority

Two vertical blue bars of different heights are located in the bottom left corner of the page.Two vertical blue bars of different heights are located in the top right corner of the page.

Tuarascáil Bhliantúil an ÚAO 2024 -
Dréacht don Aistriúchán

Clár

- 1. Réamhrá Ón Dr Alan Wall, Pof
- 2. Litir Ón Gcathaoirleach Eatramhach
- 3. Príomhshonraí Ardoideachais 2023/2024
- 4. Buaicphointí An Úao
 - 4(a) Rialachas Institiúideach, Ceannaireacht agus Barrfeabhais Oibríochta
 - 4(b) Maoiniú Córais agus Maoiniú Caipitil
 - 4(c) Beartas agus Pleanáil Straitéiseach, Forbairt Córais agus Bainistíocht Feidhmíochta agus Folláine Mac Léinn
 - 4(d) Polasaí Taighde
 - 4(e) Cothromas Rochtana
 - 4(f) Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú
 - 4(g) Idirnáisiúnta
 - 4(h) Scileanna, Rannpháirtíocht agus Staitisticí
 - 4(i) ÚAO mar Eagraíocht
- 5. Rialachas Corparáideach
- 6. Ráitis Airgeadais
- 7. Faisnéis Bhreise



1. Réamhrá Ón Dr Alan Wall, POF

Tá áthas orm tuarascáil bhliantúil an ÚAO do 2024 a chur i láthair. Tá súil agam go mbeidh an cháipéis seo ina léargas úsáideach ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar phríomh-éachtaí an ÚAO in 2024.

Lean an tÚAO air ag oiriúnú do na hoibleagáidí agus na feidhmeanna nua a thugtar le hAcht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022 agus lean sé ar aghaidh ag cur lena chumas i bpríomhrannóga na heagraíochta. In 2024, rinne an tÚAO €1.78bn san iomlán a leithdháileadh agus a íoc le hinstitiúidí ardoideachais agus le comhlachtaí maoinithe eile, agus eisíocadh thart ar €193m i maoiniú caipitil ar fud na hearnála ardoideachais.

Tar éis don ÚAO an Creat Maoirseachta Rialachais a fhoilsiú in 2023, in 2024 lean an tÚAO air ag déanamh maoirseachta agus ag lorg dearbhuithe maidir le comhlíonadh ó na Comhlachtaí Rialaithe IAO faoi seach trí na meicníochtaí atá leagtha amach sa Chreat. Rinneadh trí athbhreithniú faoi A64 den Acht um ÚAO ar iarratas ón bPOF ó Chomhlachtaí Rialaithe trí institiúid ardoideachais ainmnithe. Thug an tÚAO Prótacal mar bhonn ar Fheidhmiú na bhForálacha Reachtaíochta (an "Prótacal") chun críche agus d'fhoilsigh sé é in 2024. Chuir an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta tús freisin le hathbhreithniú ar an Acht um ÚAO 2022 ag deireadh 2024 i gcomhairle leis an ÚAO.

Rinne an tÚAO athbhreithniú ar an Suirbhé ar Thorthaí Céimithe in 2024 agus sheol sé athbhreithniú ar an Chóras Taifead na Mac Léinn. Dháil an tÚAO €90.7 mar leithdháileadh ar sholáthar printíseachta i mbliana.

Ag leanúint ar aghaidh ó chomhdháil náisiúnta de chuid an ÚAO maidir le Dul Chun Cinn Mac Léinn, bunaíodh Fóram Beartais náisiúnta maidir le dul chun cinn mac léinn san ardoideachas. Tar éis obair dhílisithe agus mheastóireachta a rinne an tÚAO, d'fhógair an Rialtas pleananna chun dhá scoil tréidliachta nua a sholáthar atá lonnaithe in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU) agus in Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheisirt (SETU). Leithdháilfear maoiniú ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun tacú le forbairt áiseanna úrscothacha, earcaíocht dáimhe, agus clár oideachais nuálach atá curtha in oiriúint do riachtanais uathúla thírdhreach tréidliachta na hÉireann. Ina theannta sin, bhí ról ceannasach ag an ÚAO i mbunú clár nua i

Leigheas, Cógaslann agus Fiaclóireacht in institiúidí ardoideachais roghnaithe ar fud na tíre.

Síníodh Comhaontuithe Feidhmíochta idir an tÚAO agus institiúidí ardoideachais ainmnithe, inar leag siad amach an méid a chuir siad le straitéis institiúideach agus náisiúnta a bhaint amach. Tá sé i gceist le foilsiú na gcomhaontuithe feidhmíochta seo trédhearcacht phróiseas an Chreata Feidhmíochta Córais a chur chun cinn agus cuntasacht a chinntiú ar fud an chórais.


D'óstáil an tÚAO agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta an seachtú Fóram Náisiúnta Rochtana, agus d'óstáil an tIonad Barr Feabhais um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú an chéad chomhdháil Náisiúnta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú de chuid an ÚAO, i mí Aibreáin 2024.

Bhí ról lárnach ag an ÚAO in aistriú feidhmeanna ón gComhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) chuig an ngníomhaireacht taighde nuabhunaithe Taighde Éireann – Research Ireland, agus bhí ról lárnach ag an ÚAO i gcónaí i gcur i bhfeidhm an bheartais taighde ar fud na hearnála Ardoideachais in 2024.

Lean an tÚAO air ag cur luach agus ag tógáil ar a chaidrimh láidre lena pháirtithe leasmhara in 2024. Tá an rannpháirtíocht dhearfach seo mar chuid lárnach d'obair an ÚAO. Mo bhuíochas le gach duine a bhí páirteach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Bord agus le foireann an ÚAO as an méid a rinne siad le linn 2024.

Alan Wall
POF





2. Litir Ó Chathaoirleach Eatramhach – Mr Niall Connors

An tUas. James Lawless TD, An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

A Aire, a chara,

Thar ceann an Bhoird agus an Fheidhmeannais, tá sé de phribhléid agam cóip de thuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an ÚAO do 2024 a chur faoi do bhreithniú.

Chuir an tÚAO roinnt príomhghníomhartha i gcrích in 2024, lena n-áirítear:

- Ceadaiódh Plean Straitéiseach Corparáideach an ÚAO (2023-2026), tar éis comhairliúcháin fhairsing le páirtithe leasmhara agus leagadh é os comhair Thithe an Oireachtais ar an 5 Márta, 2024.
- Tar éis glacadh leis an bPlean Straitéiseach Corparáideach (2023-2026), d'fhorbair an tÚAO an Plean Bliantúil do 2024. Cheadaigh an Bord é agus cuireadh faoi bhráid an Aire é.
- D'fháiltigh Fóram Náisiúnta an ÚAO roimh cheathrar Comhairleoirí Beartais nua chun príomhthionscnaimh san Ardoideachas a chur chun cinn.

Chríochnaigh an t-iar-Chathaoirleach, Michael Horgan, a théarma i mí Iúil 2024, agus tá an próiseas chun Cathaoirleach buan a cheapadh ar siúl i gcónaí.

Ar aon dul le Cód Cleachtais 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, is mian liom tuairisciú leat ar chomhlíonadh an chóid ag an Údarás agus go sainsiúil ar na cúrsaí seo a leanas:

- Ní raibh aon imeacht ar cuid suntais tráchtála é le linn na tréimhse tuairiscithe.
- Ní raibh aon idirbhearta airgeadais lasmuigh den bhileog chomhardaithe.
- Deimhním go ndearnadh gach gnáthamh cuí tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taistil, soláthair agus diúscairt sócmhainní.
- Thar ceann an Údaráis Ard-Oideachais, admháim an fhreagracht atá orainn as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialú airgeadais inmheánach. Tá ráiteas ar an gcóras Rialuithe Inmheánacha cuimsithe lenár ráitis airgeadais iniúchta do 2023 agus tá teastas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniata.
- Tá cód iompair gnó i bhfeidhm ag an ÚAO do Chomhaltaí an Údaráis agus dá fhostaithe.
- Thug an Bord faoi chleachtadh féinmheastóireachta Boird in 2024.
- Comhlíonann an tÚdarás treoirlínte an Rialtais maidir le tuarastail i gcás an Phríomhfheidhmeannaigh agus a chuid fostaithe.
- Tá táillí comhaltaí ar aon dul le rátaí atá ceadaithe ag an Roinn agus is amhlaidh freisin maidir le tuarastail agus liúntais a íoctar le baill foirne. Cuireann an tÚAO an ciorclán Duine Amháin, Tuarastal Amháin a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm.

- Níl aon imeachtaí tar éis an bhileog chomhardaithe le tuairisciú ag an ÚAO.
- Comhlíonann an tÚAO riachtanais Chód Caiteachais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an ÚOÁ maidir le nochtuithe cosanta a dhéanamh i gcomhréir le hAlt 21 (1) d'Acht na Nochtuithe Cosanta (Leasú), 2022. Tá tuarascáil bhliantúil, mar a fhoráiltear faoi Alt 22 (1) den Acht, foilsithe.
- Comhlíonann an tÚAO gach gné de polasaí taistil an Rialtais.
- Comhlíonann an tÚAO a oibleagáidí faoin dlí cánach.
- Níl an tÚAO faoi láthair i mbun aon aighnis le comhlachtaí stáit eile.
- Tá an tÚAO ag déanamh gach beart riachtanach chun a chinntiú go gcomhlíonann sé Cód Cleachtais 2016
- Níl aon fho-eagraíocht ag obair faoi choimirce an ÚAO.
- Ar an 31 Nollaig 2024 bhí seisear (45%) comhaltaí mná agus cúigear (55%) comhaltaí fir ag an ÚAO. Comhlíonann an comhdhéanamh ballraíochta sin sprioc an Rialtais mar atá ionadaíocht 40% ar gach inscne. Is é an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a cheapann na comhaltaí. Tá Bord an ÚAO tiomanta d'éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn agus faigheann siad nuashonraithe rialta ó Ionad Barr Feabhais an ÚAO um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

D'fhaomh an Bord an Ráiteas maidir le Rialachas agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird.

Táimid an-bhuíoch de na hinstiúidí ardoideachais, agus d'fhoireann an ÚAO agus do do Roinn féin, as a gcuid ionchur agus a dtiomantas do sheachadadh náisiúnta straitéis ardoideachais.

Bheadh an tÚAO sásta aon soiléiriú breise a theastaíonn uait maidir le haon cheann de na nithe thuasluaite a chur ar fáil. Thar ceann an ÚAO, táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhar le do Roinn chun feidhmeanna reachtúla an ÚAO agus seachadadh thosaíochtaí straitéiseacha an ÚAO agus na Roinne a chur i bhfeidhm.

Is mise, le meas,

Niall Connors
Cathaoirleach Eatramhach

Príomhshonraí
Ardoideachais
2023/2024



ROLLUITHE

265,905 rollú san iomlán in 2023/24, méadú 3.6% ó 2022/23. Líon na n-iontrálaithe nua (mic léinn fhochéime lánaimseartha sa chéad bhliain) méadaithe faoi 4.9% go 48,280.



ROLLUITHE
IDIRNÁISIÚNTA

Tá méadú 15.0% tagtha ar líon iomlán na rolluithe idirnáisiúnta in 2023/24 go 40,400. B'ionann rolluithe neamh-AE agus 29,560 (73.2%) de na rolluithe idirnáisiúnta in 2023/24.



CINEÁL CLÁIR

B'ionann rolluithe le haghaidh céimeanna onóracha agus 158,785 (59.7%) de na rolluithe iomlána in 2023/24. B'ionann cúrsaí máistreachta múinte an dara grúpa ba mhó agus iad comhionann le 11.7%.



RÉIMSE STAIDÉIR

B'ionann an réimse is mó, Gnó, Riarachán agus Dlí agus 54,205 (20.4% de na rolluithe go léir), agus Sláinte agus Leas (17.0%) agus na hEalaíona agus na Daonnachtaí (12.8%).



TREOCHTAÍ INSCNE

Bhí 145,670 rollú ban ann in 2023/24 (suas 4.0% ar 2022/23) i gcomparáid le 118,830 rollú fear (suas 3.0% ar 2022/23). Tá 1,405 mac léinn neamh-dhénártha nó neamh-dhearbhaithe ann (suas 0.4% ar 2022/23).



LÍON CÉIMNITHE

Bhí méadú 5.4% ar líon na gcéimithe in 2023 go 90,290. Bhí na méaduithe is mó in ATU (30.0%), agus IADT (18.4%). Bhí na laghduithe is mó in OT Bhaile Átha Cliath (23.4%) agus SETU (12.8%).



CÉIMNITHE
ONÓRACHA

Bhí líon na gcéimithe i gcéim bhaitsiléara onóracha méadaithe 4.8% in 2023 go 36,190. Bhain thart ar 22.4% de chéimithe Céime Onóracha céim céadonóracha amach.



RÉIMSÍ STAIDÉIR
IARCHÉIME

B'ionann cúrsaí Gnó, Riaracháin agus Dlí agus 24.6% de na céimithe go léir in 2023 (22,185). B'ionann cúrsaí Sláinte agus Leasa agus 17.0% de na céimithe go léir (15,355).

4. Buaicphointí
An Úao 2024

4(a) Rialachas Institiúide, Ceannaireacht Agus Barr Feabhais Oibriúcháin

Creat an ÚAO um Maoirseacht Rialachais

Tugadh feidhm d’Acht an Údaráis um Ard-Oideachas i mí na Samhna 2022 Faoin Acht, ceann d’fheidhmeanna reachtúla an ÚAO is ea tacú le rialachas éifeachtach institiúidí ainmnithe ardoideachais trí mhaoirseacht a dhéanamh ar chreataí cuí maoirseachta rialachais. Agus an fheidhm seo á feidhmiú aige, aithníonn an tÚAO neamhspleáchas agus freagracht na n-institiúidí as a rialachas féin agus éilíonn sé gur chóir go rachadh sé sin ar aghaidh laistigh de chreat trédhearcach rialachais agus freagrachta.

Tar éis don ÚAO an Creat Maoirseachta Rialachais a fhoilsiú in 2023, in 2024 lean an tÚAO air ag déanamh maoirseachta agus ag lorg dearbhuithe maidir le comhlíonadh ó na Comhlachtaí Rialaithe IAO faoi seach trí na meicníochtaí atá leagtha amach sa Chreat. Áirítear orthu sin na Comhaontuithe Maoirseachta Bliantúla idir an ÚAO agus gach aon IAO; Ráitis Rialachais Bhliantúla; Cruinnithe Buiséid agus Cuntasachta Bliantúla; Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus Tuarascálacha Institiúideacha Rialta. Tá an Creat bunaithe ar an reachtaíocht a rialaíonn an t-ardoideachas agus ar an gCód Rialachais do Chomhlachtaí Stáit 2016.

An Prótacal ar Fheidhmiú Forálacha Reachtaíochta

Thug an tÚAO Prótacal mar bhonn ar Fheidhmiú na bhForálacha Reachtaíochta (an “Prótacal”) chun críche agus d’fhoilsigh sé é in 2024. Bunaithe ar an taithí a bhaineann leis an reachtaíocht a chur i bhfeidhm, tá an Prótacal ina ábhar athbhreithnithe leanúnaigh agus mhol sé sraith Nósanna Imeachta Oibriúcháin Caighdeánacha (“SOPanna”) a fhorbairt chun comhairle a thabhairt do chur i bhfeidhm leanúnach. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an HEAA22 ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ag deireadh 2024, beidh an tÚAO ag cur leis an athbhreithniú seo agus ag eascairt as an athbhreithniú seo, déanfar an Prótacal agus na SOPanna a nuashonrú de réir mar is gá.

Athbhreithnithe faoi Alt 64 d’Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022

Le linn 2024, bhain POF an ÚAO leas as Alt 64 den Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022 chun a iarraidh go ndéanfadh an tÚdarás Rialaithe nó an Bord Rialaithe athbhreithniú ar thrí institiúid ardoideachais ainmnithe. Bunaíodh na hiarratais seo ar ábhair imní shuntasacha a bhí curtha le chéile ag POF an ÚAO maidir le rialachas na n-institiúidí.

I ngach ceann de na trí chás, rinne an tÚdarás Rialaithe nó an Bord Rialaithe athbhreithnithe, nó rinneadh athbhreithnithe thar a cheann, de réir mar is cuí agus cuireadh tuarascálacha isteach laistigh de na spriocdhátaí reachtúla.

Tar éis breithniú a dhéanamh ar gach ceann de na hathbhreithnithe seo, rinne Príomhfheidhmeannach an ÚAO cinneadh sna trí chás faoi Alt 65(3) den Acht um Ardoideachas beart leasúcháin a fhorchur faoi théarmaí Alt 66(3) arb é an ceanglas go gcuirfí plean i bhfeidhm de réir mar a cheanglaítear le hAlt 66(3)(c). Tá an tÚAO fós rannpháirteach go gníomhach sna próisis seo. Chuir Rialachas Córais tacaíocht agus comhairle ar fáil do POF, Foireann Ardbhainistíochta agus Bord an ÚAO ag gach céim.

Chomh maith leis sin, tháinig an tÚAO os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí ar an 9 Bealtaine agus ar an 3 Deireadh Fómhair 2024, chun comhairle a chur ar an gCoiste agus iad ag scrúdú na ráiteas airgeadais agus na n-ábhar airgeadais a tháinig chun cinn do cheann de na hinstitiúidí a bhí ina ábhar d’athbhreithniú Alt 64 freisin.

Ráitis Rialachais Bhliantúla (RRB) 2024

Mar chuid de chur chuige feabhsúcháin leanúnach an ÚAO, déantar athbhreithniú ar an bpróiseas RRB ar bhonn bliantúil agus cuirtear feabhsuithe i bhfeidhm de réir mar is cuí. Maidir leis an timthriall 2023-24, rinne an Fheidhmeannacht obair chun an próiseas RRB a uathoibriú maidir le huaslódáil agus athbhreithniú trí úsáid a bhaint as MS Forms. Forbraíodh deaiseanna institiúideacha agus earnála. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le sonraí a tháirgeadh le himeacht ama i leith táscairí áirithe.

Nósanna Imeachta um Nochtadh Cosanta

Le linn 2024, lean an tAonad um Rialachas Córais ar aghaidh ag bainistiú an phróisis i ndáil le nochtaí cosanta agus líomhaintí don ÚAO i dtaobh ábhair rialachais in Institiúidí Ardoideachais. Bhí Nósanna Imeachta an ÚAO um Nochtadh Cosanta a Dhéanamh don POF mar Dhuine Forordaithe ina mbonn faoin obair sin, a ndearnadh iad a nuashonrú i gcomhréir le ceanglais an Achte um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022, agus treoir ghaolmhar ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

4(b) Maoiniú Córais Agus Maoiniú Caipitil

Déanann Maoiniú Córais maoirseacht ar an leithdháileadh maoinithe athfhillteach d’institiúidí le haghaidh príomhghníomhaíochtaí agus tá sé seo bunúsach i gcónaí d’obair an ÚAO i rith na bliana. In 2024, leithdháileadh agus íocadh €1.78bn san iomlán le hinstitiúidí ardoideachais agus le comhlachtaí maoinithe eile trí Mhaoiniú Córais. Ina theannta sin, leithdháileadh maoiniú pinsin €111m ar chostais phinsin a tháinig chun cinn sna hollscoileanna/saincholáistí.

Tabhair faoi deara in 2024, agus san áireamh sa €1.78bn, leithdháileadh agus eisíocadh an rannóg Maoinithe Córais:

- €96.5m i dtreo Comhaontuithe Íocaíochta na hEarnála Poiblí a fuarthas trí dheontas Forlíontach agus a íocadh amach le hinstitiúidí i mí na Samhna 2024. Áiríodh leis an maoiniú sin foráil do chomhaontuithe pá reatha 2024-2026 agus easnamh i gcomhaontú pá roimhe seo sa tréimhse 2022 -2023.
- An deontas aonuaire €1,000 i dtreo na ranníocaíochta mic léinn a d’íoc gach mac léinn atá incháilithe do Tháillí Saor in Aisce sa bhliain acadúil 2023/24 mar bheart costais maireachtála. Leithdháileadh maoiniú breise €144m ar an earnáil i mí na Samhna 2024 bunaithe ar líon measta na mac léinn. Déanfar aon choigeartuithe ar na hInstitiúidí Ardoideachais in 2025.
- Maoiniú d’áiteanna breise do Mhic Léinn a cuireadh ar fáil i mblianta acadúla 2021/22 agus 2022/23.
- Maoiniú i gcomhair an Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn agus an Chiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas.
- €10.2m i leith na n-institiúidí a bhíodh á maoiniú go díreach roimhe seo faoin bhfo-cheanteideal B9.
- Maoiniú chun leanúint leis an Scéim Tacaíochta um Tháillí Teagaisc Sealadacha Ardoideachais do Dhaoine Easáitithe (an Úcráin).

I mí na Bealtaine 2022, d’fhoilsigh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a beartas Maoiniú na Todhchaí maidir le todhchaí an oideachais tríú leibhéal in Éirinn. Dheimhnigh an polasaí seo go raibh sé i gceist ag an Rialtas cur leis an maoiniú a thugtar d’institiúidí tríú leibhéal, rud a d’aithin easnamh maoinithe €307m. Cuireadh maoiniú breise €105.2m ar fáil san iomlán faoin gceanteideal Maoiniú don Todhchaí thar na blianta 2023 (€40m) agus 2024 (€65.2m).

Tá na cruinnithe buiséid agus cuntasachta bliantúla fós ina rannpháirtíocht thábhachtach idir an tÚAO agus na hinstitiúidí ardoideachais agus críochnaíodh iad le linn mhí an Mhárta agus mhí Aibreáin 2024.

Tá na cruinnithe seo mar chuid de Chreat Rialachais an ÚAO agus cuireann siad go mór le monatóireacht agus maoirseacht an ÚAO ar na hinstitiúidí seo. Chomh maith le buiséid bhliantúla na hInstitiúidí Ardoideachais a phlé, tugann na cruinnithe seo deis d'Institiúidí Ardoideachais saincheisteanna aonair agus earnála, rioscaí agus deiseanna a phlé leis an ÚAO. Cuidíonn torthaí na gcruinnithe seo le bonn eolais a chur faoi phróiseas Meastachán an ÚAO don Deontas B4/ Athfhillteach agus le cuidiú leis an ÚAO meastacháin chruinne, ábhartha agus eolasacha a chur isteach don bhliain dár gcionn.

Chuir an Roinn in iúl don ÚAO gurbh ionann uasteorainn 2024 d'Ollscoileanna, Institiúidí Teicneolaíochta, Ollscoileanna Teicneolaíochta agus Coláistí eile faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta (CRF) agus 23,049 post. Leithdháil Maoiniú Córais uasteorainneacha aonair CRF ar na hInstitiúidí Ardoideachais in 2024.

Aonad na gClár Caipitil

An Clár Infheistíochta Caipitil don Ardoideachas

In 2024, d'eisíoc Aonad na gClár Caipitil (ACC) circa. €193m de mhaoiniú caipitil do réimse éagsúil tionscadal ar fud na hearnála ardoideachais, cuir i gcás, tógáil nua, athchóirithe, éadálacha súimh agus tionscadail dícharbónaithe a mhaoinítear faoi chláir agus tionscnaimh éagsúla an ACC. Leanann an ACC ar aghaidh ag forbairt Ionad Barr Feabhais chun tacú le seachadadh tionscadal mór caipitil san earnáil ardoideachais. Bhain roinnt tionscadal maoinithe ÚAO críoch shubstaintiúil amach in 2024 lena n-áirítear Foirgneamh Polaris in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU).



Clár na gComhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha Ardoideachais

Le Clár na CPPanna Ardoideachais cuirfear 11 fhoirgneamh ardoideachais nua san iomlán ar fáil agus éascófar rollú 8,000 mic léinn breise Cuimsíonn an chéad bheart sé thionscadal, arna gcur i gcrích faoi Thionscadal Éireann 2040, atá suite i gcampais na hOllscoile Teicneolaíochta i mBaile Átha Cliath, Tamhlacht agus i mBaile Bhlainséir; campais Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan i gCiarraí agus i gCorcaigh; Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta, Dún Laoghaire; agus i gcampas Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne i mBaile Átha Luain. Rinneadh dul chun cinn ar an tógáil ar gach ceann de na sé thionscadal Bheart 1 le linn 2024.

Cuimsíonn an dara beart cúig thionscadal, arna gcur i gcrích faoi Thionscadal Éireann 2040, atá suite i gcampais Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt i bPort Láirge agus i gCeatharlach; Campais Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh i nDún na nGall agus i nGaillimh; agus i gcampas Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne i Luimneach. Bhí an dara beart i gcéim an idirphlé le linn 2024.

Clár Pathfinder um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Dícharbónú

Lean an ACC ar aghaidh ag cur an phróisis iarratais dhá chéim i bhfeidhm don Chlár Pathfinder um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Dícharbónú (EEDPP) in 2024. Is í aidhm an chlár an méid atá foghlamtha i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú a chomhdhlúthú, agus cabhrú le príomhpháirtithe leasmhara leanúint orthu ag forbairt eolais, scála agus bealaí tástála agus oibriú i dtreo na spriocanna uailmhianacha dícharbónaithe a bhaint amach. Tugadh cead do thrí thionscadal déag dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas, dearadh Chéim 2a a fhorbairt go déanach in 2023. Le linn 2024, lean Institiúidí Ardoideachais orthu ag forbairt a gcuid dearáí Chéim 2a agus tar éis próiseas meastóireachta, tugadh faomhadh i bprionsabal d'ocht dtionscadal i mí na Nollag 2024.

Ciste Thionscadail Straitéiseacha na hEarnála Teicneolaíochta

Lean Aonad na gClár Caipitil air ag cur i bhfeidhm an phróisis iarratais do Chiste Thionscadail Straitéiseacha na hEarnála Teicneolaíochta (TSSPF) in 2024. Tá an ciste sin dírithe ar acmhainn bhreise a sholáthar agus feabhsúcháin lárnacha bhonneagair a bhaint amach in earnáil na teicneolaíochta. D'fhorbair agus sholáthair Aonad na gClár Caipitil sraith ceardlann chun tacú le hInstitiúidí Ardoideachais le Réamhcháis Ghnó ar ardchaighdeán a fhorbairt le linn 2024.

Cóiríocht Mac Léinn

Chuir Aonad na gClár Caipitil tionscadail lárnacha ar aghaidh faoin gClár Cóiríochta Mac Léinn in 2024. In 2024 cuireadh tús le corpas oibre chun tograí oiriúnacha a aithint do thionscadail chóiríochta do mhic léinn san earnáil Teicneolaíochta agus bhí measúnú ar thograí ón earnáil i gceist le céim tosaigh an chlár.


Cuireadh tús leis an dara bliain de thionscadal/staidéar bailithe sonraí a bhaineann le cóiríocht do mhic léinn agus é mar chuspóir aige anailís a dhéanamh ar sholáthar agus éileamh cóiríochta ag leibhéal réigiúnach agus náisiúnta. Eisíodh Suirbhé ar Chóiríocht do Mhic Léinn do mhic léinn mar chuid den tionscadal seo freisin, agus bailíodh 14,230 freagra.

Cuireadh tús le tionscadal 'Dearadh Caighdeánaithe' i mí Mheán Fómhair 2024 le haghaidh Cóiríocht Shaintógtha do Mhic Léinn (PBSA). Chun bonn eolais a chur faoin tionscadal seo, rinneadh comhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara i rith 2024 le hInstitiúidí Ardoideachais, leis an tionscal, le mic léinn agus le tuismitheoirí.

I bhFócas

Gradaim DELTA

Bronnadh Gradam DELTA ar Thionscadal Saotharlanna Fíorúla as Sármhaitheas i bhFeabhsú Teagaisc agus Foghlaim:



Bronnadh Gradam Sármhaitheasa san Fhoghlaim, sa Teagasc agus sa Mheasúnú (DELTA) ar thionscadal na Saotharlanna Fíorúla, tionscnamh comhoibríoch i measc cúig institiúid ardoideachais (MU, DkIT, DCU, TUS agus UCC). Aithníonn an gradam náisiúnta seo an méid a chuireann siad go mór le hoideachas na mbith-eolaíochtaí agus na n-eolaíochtaí ceimiceacha, a bhfuil sé mar aidhm aige feabhas a chur ar eispéiris teagaisc agus foghlama chumasctha agus atá maoinithe trí chlár HCI Piléar 3.

In 2020, dhírigh Saotharlanna Fíorúla ar churaclam saotharlainne a chruthú a chomhtháthaíonn trasscileanna agus tá aiseolas ó speictream leathan páirtithe leasmhara mar bhonn eolais aige, lena n-áirítear mic léinn, baill foirne, agus comhpháirtíochtaí láidre le gnólachtaí idirnáisiúnta maidir le teicneolaíocht an oideachais agus le frontair réigiúnacha ó earnálacha criticiúla, lena n-áirítear Cógaisíocht/Bithchógaisíocht, Leathsheoltóirí, agus Bia & Deoch. Tá a gcuid oibre deartha chun freastal ar éilimh na mac léinn nu-aimseartha atá ag tabhairt faoi ghairm bheatha amach anseo in ETIM agus ag feabhsú rannpháirtíochta thar leibhéil oideachais éagsúla lena n-áirítear clár NFQ leibhéal 7, 8, agus leibhéal 9

Foirne Ardoideachais as Gach Cearn den Tír Onóraithe ag Bronnadh Gradaim DELTA

Bhí Gradaim Sármhaitheasa san Fhoghlaim, sa Teagasc agus sa Mheasúnú (DELTA) á reáchtáil ag an ÚAO, an ócáid bhlantúil a eagraíonn a Fóram Náisiúnta um Fheabhsú na Teagaisc agus na Foghlama san Ardoideachas. Ar siúl in Óstán an Metropole i gCorcaigh, rinne an searmanas seo ceiliúradh ar éachtaí iontacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú ag foirne ó institiúidí ardoideachais ar fud na hÉireann.

San iomlán, bronnadh onóir ar cheithre fhoireann ag an ócáid, lena n-áirítear an Tionscadal Saotharlanna Fíorúla mar aon leis na buaiteoirí gradam seo a leanas in 2023:

- Tugadh isteach Foireann Spóirt & Fóillíochta Ollscoil Teicneolaíochta Mumhan ag an Ollamh Maggie Cusack, Uachtarán, in éineacht le ceannaire na foirne Thomas Broderick, Léachtóir, Roinn Spóirt, Fóillíochta agus Staidéar Óige.
- Thug an Dr Tom O'Toole, ceann (déan) Scoil an Ghnó, isteach Scoil Ghnó Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, in éineacht le ceannaire na foirne, an tOllamh Denis Harrington, Ceann Gnó Iarchéime.
- Ba í an Dr Katherine Whitehurst, Stiúrthóir Teagaisc agus Foghlama san Ionad LEAD, a thug isteach Foireann Oideachais Múinteoirí Corpoideachais Choláiste Mhuire gan Smál, le ceannaire foirne an Dr Michelle Dillon, Léachtóir, Dámh an Oideachais.

Is cuid dhílis de chur chuige foriomlán feabhsúcháin an Údarais um Ardoideachas iad Gradaim DELTA, ag aitheantas an disciplín mar aonad lárnach athraithe chun tionchar bríoch a bhaint amach. Bronntar an gradam náisiúnta mór le rá seo ar ghrúpaí disciplíní a léiríonn taifead sármhaitheasa i bhfeabhsú teagaisc agus foghlama agus a gheallann do phróiseas leanúnach, soiléir, comhroinnte feabhsúcháin leanúnaigh. Tugann an cohórt is déanaí seo 32 grúpa disciplíne san iomlán atá tar éis an gradam a fháil ó 2018.

Bronnadh Gradam DELTA ar Fhoireann Altranais Ghinearálta in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan



An Fhoireann Altranais Ghinearálta, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, faoi stiúir Ann Everitt-Reynolds

I mí Dheireadh Fómhair 2024, bronnadh an gradam iomráiteach Disciplíneach um Shármhaitheas san Fhoghlaim, sa Teagasc agus sa Mheasúnú (DELTA) ar an bhFoireann Altranais Ghinearálta in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DkIT). Tugann an gradam onóir do ghrúpaí disciplíne a léiríonn barr feabhais leanúnach sa teagasc agus i bhfeabhsú foghlama ar fud institiúidí ardoideachais in Éirinn. Is grúpa disciplíneach laistigh den Roinn Altranais, Cnáimhseachais agus Luathbhlianta í an Fhoireann Altranais Ghinearálta, faoi stiúir an léachtóir altranais ghinearálta Ann Everitt-Reynolds. Tugann an fhoireann foireann acadúil, foireann ghairmiúil, comhpháirtithe cliniciúla, agus mic léinn atá tiomanta do phróisis foghlama, teagaisc agus measúnaithe a fheabhsú. Cuireann siad oideachas ar fáil d'altraí fochéime agus iarchéime, idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha, atá ailínithe le caighdeáin agus riachtanais Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.

4(c) Pleanáil Bheartais Agus Straitéiseach, Teagasc Agus Foghlaim, Forbairt Córas Agus Bainistíocht Feidhmíochta Agus Folláine Mac Léinn

Tugadh Plean Straitéiseach Corparáideach 2023 – 2026 an ÚAO, faoi stiúir na rannóige Beartas agus Pleanáil Straitéiseach, chun críche tar éis comhairliúcháin fairsing le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear institiúidí ardoideachais, agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. D’fhaomh an Bord an Plean ar an 6 Samhain 2023. De réir Alt 20 d’Acht an Údaráis um Ard-Oideachas (2022) cuireadh an Plean faoi bhráid an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta lena cheadú i mí na Nollag 2023, agus leagadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais é ina dhiaidh sin ar an 5 Márta 2024. I ndiaidh na céime seo, foilsíodh an PSC go dátheangach ar láithreán gréasáin an ÚAO. Tá cur i bhfeidhm an PSC le feiceáil trí Phleananna Bliantúla.

Plean Bliantúil: 2024 agus 2025

Tar éis glacadh leis an bPlean Straitéiseach Corparáideach (2023-2026), d’fhorbair an tÚAO an Plean Bliantúil do 2024 de réir Alt 21 d’Acht an Údaráis um Ard-Oideachas (2022). Agus úsáid á bhaint as téamaí straitéiseacha an Phlean Straitéisigh Chorporáidigh (Forbairt, Ciste, Comhairle agus Rialáil & Maoirseacht) agus an tÚAO mar eagraíocht, chuir an Plean Bliantúil príomhchuspóirí agus spriocanna/táirgí insoláthartha feidhmíochta gaolmhara i láthair do 2024. D’fhaomh Bord an ÚAO an Plean Bliantúil i mí an Mhárta 2024 agus cuireadh faoi bhráid an Aire é lena bhreithniú, mar a cheanglaítear leis an Acht.

Ullmhaíodh tuarascálacha ráithiúla trí Bheartas agus Pleanáil Straitéiseach i gcomhar leis an mBainistíocht Shinsearach agus lena bhfoirne faoi seach lena mbreithniú agus lena bhfaomhadh ag an mBord. Chuir an próiseas tuairiscithe ráithiúil ar chumas an Bhoird monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm príomhchuspóirí agus príomhchuspóirí insoláthartha agus dul chun cinn a bhunú maidir le príomhchuspóirí a bhaint amach.

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar éifeachtacht an Phlean Bhliantúil, an Bheartais agus na Pleanála Straitéisí ullmhaíodh tuarascáil ar Phlean Bliantúil 2024 lena breithniú ag an mBord in 2025. Chuir an tuarascáil seo príomhchuspóirí i láthair i gcaitheamh na bliana agus chuir sí torthaí na suirbhéanna a rinneadh leis an mBord agus leis an bhFeidhmeannacht i láthair maidir le héifeachtacht an phróisis tuairiscithe ráithiúil, agus maidir le deiseanna agus dúshlán don ÚAO a shainaithint i gcur i bhfeidhm an Phlean Bhliantúil. Thuairiscigh an Fheidhmeannacht gur fhan táirgí insoláthartha bailí i gcaitheamh na bliana agus gur fhreastail siad ar fhorbairtí agus ar thosaíochtaí a bhí ag teacht chun cinn, agus go ndearnadh táirgí insoláthartha a athchalabrú nuair ba ghá. Cuireadh é seo chuig an Aire le Plean Bliantúil 2025

Chuir Beartas agus Pleanáil Straitéiseach tús le Plean Bliantúil 2025 a fhorbairt i mí na Samhna 2024. Chuaigh sé i dteagmháil leis an bhFeidhmeannas agus chuaigh sé i gcomhairle leis chun príomhchuspóirí a fhorbairt do 2025 bunaithe ar thosaíochtaí straitéiseacha an Phlean Straitéisigh Chorporáidigh. Lorgaíodh aiseolas freisin ar an teimpléad tuairiscithe ráithiúil chun é a dhéanamh níos inrochtana agus chun an próiseas tuairiscithe a chuichóiriú. Leanfar d’fhorbairt Phlean Bliantúil 2025 go ráithe 1, 2025

Cur Chuige Institiúide Uile i leith Sláinte agus Folláine

D’óstáil an tÚAO an 2ú Comhdháil Náisiúnta Sláinte agus Folláine, ‘Cur Chuige Institiúide Uile i leith Sláinte agus Folláine.’ Thug an chomhdháil ceannaireacht agus foireann le chéile ar fud na hearnála ardoideachais chun oibriú ar Chairt agus Creat Campas Sláintiúil an ÚAO agus an Creat Náisiúnta um Mheabhairshláinte agus um Fhéinmharú a Chosc a chur i bhfeidhm. Roinn saineolaithe i sláinte agus folláine an champais, meabhairshláinte, cur chun cinn na sláinte agus cosc ar fhéinmharú léargais chomhroinnte agus threoraigh siad cur i bhfeidhm éifeachtach na gcreataí seo. Cuireadh os cionn 25 Cás-Staidéar ar Champas Sláintiúil ar taispeáint mar chuid den chomhdháil. Chlúdaigh na cás-staidéir seo, a chuir institiúidí isteach, topaicí lena n-áirítear feachtais feasachta meabhairshláinte, sláinte

agus folláine sa churaclam, taighde ar iompraíochtaí sláinte mac léinn agus foirne, pantrach bia, agus go leor eile. Ba é príomhchuid an imeachta seo béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige na n-institiúidí uile i leith sláinte agus folláine, áit nach mbreathnaítear ar shláinte agus folláine mar ról cúpla ball foirne nó seirbhísí ach mar ról gach duine.

Fáiltíonn Fóram Náisiúnta an ÚAO roimh Cheathrar Comhairleoirí Beartais Nua chun Príomhthionscnaimh san Ardoideachas a Chur Chun Cinn

The National Forum for the Enhancement of Teaching and Learning in Higher Education has announced the appointment of four new Teaching and Learning Policy Advisors. Employed on a secondment basis, lasting 18 months, advisors will focus on advancing key policy development areas central to enhancing teaching and learning practices across higher education institutions.

The four new appointees are:

- **Feidhmeoidh an Dr Mark Kelly**, atá ar iasacht ó Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, mar Chomhairleoir Beartais um Oideachas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe.
- **Díreoidh an Dr Sharon McGreevy**, atá ar iasacht ó Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (IADT), ar Fhorbairt Ghairmiúil, Aitheantas, agus ar Thionchar an Teagaisc agus na Foghlama san Ardoideachas.
- **Beidh an Dr James O’Sullivan**, atá ar iasacht ó Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, i gceannas ar iarrachtaí maidir leis an Intleacht Shaorga san oideachas.
- **Díreoidh Rebecca Roper**, atá ar iasacht ó IADT freisin, ar Rath na Mac Léinn.

Tá sé beartaithe go rachaidh na comhairleoirí beartais nua seo i dteagmháil go dlúth le hinstitiúidí ardoideachais agus le comhlachtaí náisiúnta sna 18 mí amach romhainn, go rachaidh siad i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara ar fud na hearnála agus go dtacóidh siad le hailíniú le cuspóirí institiúideacha agus náisiúnta.

Athbhreithniú Earnála ar Shocruithe Comhairliúcháin agus Tuairiscithe: caiteachas ar sheirbhísí mac léinn agus tobhach mac léinn

Tar éis iarratas ó uachtaráin cheardchumann na mac léinn agus AMLÉ, rinne an Bord moladh chun athbhreithniú earnála a dhéanamh, a mheas agus a cheadú i mí an Mhárta 2024 chun grúpa oibre a bhunú, faoi choimirce bhuanchoiste Rannpháirtíochta & Teagaisc agus Foghlama na Mac Léinn. Ba é aidhm an ghrúpa oibre, faoi chathaoirleacht Anne Scott, Ollamh Emerita, ná bonn eolais a chur faoi athbhreithniú ar shocruithe comhairliúcháin agus tuairiscithe na nInstitiúidí Ardoideachais maidir le caiteachas ar sheirbhísí do mhic léinn agus an tobhach mac léinn. Tháinig an grúpa oibre le chéile trí huair le linn 2024 chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt teimpléad tuairiscithe atá le heisiúint chuig 17 Institiúid Ardoideachais. I mí na Samhna 2024, scaipeadh an teimpléad tuairiscithe ar na hinstitiúidí ardoideachais leis an iarratas an fhaisnéis riachtanach a chur isteach faoin 17 Eanáir 2025. Tar éis anailís a dhéanamh ar fhreagraí ó Institiúidí Ardoideachais, ullmhóidh Beartas agus Pleanáil Straitéiseach tuarascáil ar na torthaí atá le breithniú ag an ngrúpa oibre.

Fógraíodh Maoiniú €5m le haghaidh Ailíniú Straitéiseach ar Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama (SATLE) san Ardoideachas

D’fhógair an tAire Patrick O’Donovan TD leithdháileadh maoinithe €5m mar chuid den tionscnamh um Ailíniú Straitéiseach ar Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama (SATLE), arna riar ag an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama san Ardoideachas. Tógfaidh an ciste €5m ar thosaíochtaí reatha SATLE, ag soláthar na n-acmhainní d’institiúidí ardoideachais chun tacú le cur chuige straitéiseach fadtéarmach, ag díriú ar phríomhréimsí tosaíochta an Oideachais ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe, claochlú digiteach, agus ionracas acadúil a chur chun cinn. Tá an maoiniú SATLE mar chuid de straitéis agus tiomantas níos leithne an ÚAO do shármhaitheas i dteagasc agus i bhfoghlaim, chomh maith le rannpháirtíocht mac léinn, ag ullmhú institiúidí chun leanúint ar aghaidh ag freastal ar riachtanais tírdhreach ardoideachais atá dinimiciúil agus ag athrú.



Ag an bhfógra maoinithe SATLE i gColáiste Mhuire gan Smál i Luimneach (c - d): An Dr Ross Woods, Bainisteoir Sinsearach, Teagasc agus Foghlaim, Rath na Mac Léinn, Sláinte agus Folláine, ÚAO, an tOll. Marie Clarke, Cathaoirleach Choiste Rannpháirtíochta, Teagasc agus Foghlama na Mac Léinn ÚAO, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Patrick O'Donovan TD, an tOll. Niamh Hourigan, Uachtarán Gníomhach, CMgS, an Dr Katherine Whitehurst, Stiúrthóir Teagaisc agus Foghlama, CMgS

N-TUTORR

Lean tionscadal um Bunathrú Náisiúnta na nOllscoileanna Teicneolaíochta um Théarnamh agus Athléimneacht (N-TUTORR) (€40M), atá maoinithe ag Ciste Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta an AE, ag déanamh dul chun cinn i rith na bliana. Chuaigh an tÚAO i dteagmháil leis an Oifig Bainistíochta Tionscadail i rith na bliana maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na tionscnaimh mhaoinithe agus ar an riarachán. Bhí cruinnithe ráithiúla den ghrúpa Uachtaráin N-TuTORR ar siúl i rith na bliana. Cuireadh €2.38m breise ar fáil maidir le dul chun cinn agus tionchar an tionscadail a dhaingniú, deiseanna a chur ar fáil chun cumhachtú mac léinn a leathnú trí chomhaltachtaí agus trí chlár Seaimpíní, agus cumas ceannaireachta digiteach a fhorbairt tuilleadh ar fud comhpháirtithe tionscadail.

Le linn 2024, bhí seachtain N-TUTORR ar siúl ón 26 Feabhra go dtí an 1 Márta agus imeachtaí ar siúl ar fud campais na seacht n-institiúid chomhpháirtíochta ar fad. Bhí sé mar aidhm ag an tsraith idirnasctha imeachtaí seo rannpháirtíocht leis an gclár N-TUTORR agus comhoibriú a chothú maidir leis na sé chroíthéama N-TUTORR: Oideachas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe, Éagsúlacht agus Cuimsiú Comhionannais, Dearadh Uilíoch don Foghlaim, Ionracas Acadúil, Claochlú Digiteach, agus Infhostaitheacht. I mí na Samhna 2024, bhí an taispeántas deiridh N-TUTORR ar siúl in Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath. Rinne sé seo ceiliúradh ar raon oibre bunathraitheach a rinneadh ar fud na hearnála ardoideachais teicneolaíochta, agus nuálaíocht tionscadail agus comhoibriú á dtaispeáint.

Ciste Dul Chun Cinn na hEarnála Teicneolaíochta

Seoladh an Ciste um Chur Chun Cinn na hEarnála Teicneolaíochta in 2023 ar fiú €50m é agus bhí sé ar bun le linn 2024. Cuireadh tús le tionscadail a maoiníodh faoin gCiste um Chur Chun Cinn na hEarnála Teicneolaíochta i mí Eanáir 2024 agus rinneadh teagmháil éagsúla idir an tÚAO agus Institiúidí Ardoideachais a bhí ag fáil maoinithe i rith na bliana mar chuid den phróiseas faofa agus monatóireachta agus tuairiscithe tionscadail.

Dámhachtainí Tionchair Teagaisc agus Foghlama seolta ag an ÚAO

I mí Dheireadh Fómhair 2024, d'fhógair an tÚAO clár nua dámhachtana náisiúnta atá oscailte d'fhaighteoirí mhaoiniú SATLE (Ailíniú Straitéiseach ar Mhaoiniú Feabhsaithe Teagaisc agus Foghlama san Ardoideachas). Tá sé i gceist ag Dámhachtainí Tionchair SATLE aitheantas a thabhairt do thionchar agus do shármhaitheas i gclaochlú digiteach, ionracas acadúil, agus oideachas ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe. Tá sé mar aidhm ag an dámhachtain aird a tharraingt ar iarrachtaí institiúideacha agus earnála chun sárchleachtais i dteagasc agus i bhfoghlaim ar fud ardoideachas na hÉireann a chur chun cinn, a fhoghlaim uathu agus a leathnú. Gheobhaidh gach dámhachtaí duais €25,000 chun tacú le tionscadal chun a gcuid oibre a fhorbairt tuilleadh nó chun díriú ar bhealach taighde nua. Tacófar le ceithre dhámhachtain ar a mhéad ar fiú €100,000 san iomlán iad mar chuid den fhógra seo.

Creat Feidhmíochta Córais

Le linn 2024, chuaigh an tÚAO i dteagmháil leis na hinstiúidí ardoideachais ainmnithe maidir le Comhaontuithe Feidhmíochta a fhorbairt faoin gCreat Feidhmíochta Córais 2023-2028. Faoin gcreat, leagtar amach i gComhaontuithe Feidhmíochta na hInstitiúide Ardoideachais cuspóirí agus spriocanna atá ailínithe le ceithre cholún an chreata: Teagasc agus Foghlaim, Taighde agus Nuálaíocht, Rochtain agus Rannpháirtíocht, agus Rannpháirtíocht. Próiseas atriallach a bhí i bhforbairt na gComhaontuithe Feidhmíochta ar fud 2024, ina raibh cruinnithe déthaobhacha le hInstitiúidí Ardoideachais páirteach. Foilsíodh Comhaontuithe Feidhmíochta IAO ar láithreán gréasáin an ÚAO chun teacht le babhta 2024 den Idirphlé Straitéise agus Feidhmíochta a dhírigh ar chomhaontuithe feidhmíochta a chur i bhfeidhm. Déanfar tuairisciú faoin gCreat go bliantúil agus cuirfear tús leis in 2025 ar an mbliain acadúil 2024-2025. Beidh sé seo i bhfoirm tuarascálacha féinmheastóireachta, agus déanfar iad seo a athbhreithniú agus a phlé i bpróiseas idirphlé straitéise agus feidhmíochta idir an tÚAO agus na hinstiúidí. Tá ceithre bliana i gceist le comhaontuithe feidhmíochta, ó Mheán Fómhair 2024 go Lúnasa 2028.

Cás-Staidéar maidir le Measúnú Tionchair ar Phróiseas Maoinithe Feidhmíochta

Áirítear le riachtanais tuairiscithe bhliantúla na nInstitiúidí Ardoideachais faoin gCreat Feidhmíochta Córais 2023-2028 Cás-Staidéar um Measúnú Tionchair a chur isteach. Tá Cás-Staidéir ar Mheasúnú Tionchair nasctha le meicníocht mhaoinithe dhearfach a thacaíonn le feidhmíocht den scoth agus a aithníonn í laistigh den chóras ardoideachais agus taighde. Is é is cuspóir do Chás-Staidéar um Measúnú Tionchair ná:

- Tionchar an chórais ardoideachais agus taighde ar an tsochaí, ar an gcomhshaol, agus ar an ngeilleagar a léiriú ag leibhéil áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Tionscnaimh IAO eiseamláireacha a chur ar taispeáint a chuidigh le straitéis náisiúnta a bhaint amach.
- Scaipeadh dea-chleachtais agus foghlama ar fud an chórais a fheabhsú.
- Fianaise a bhailiú chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartas poiblí agus chun réimsí a shainaitheint le haghaidh tuilleadh forbartha agus infheistíochta féideartha sa chóras.
- Leithdháileadh an mhaoinithe bhliantúil feidhmíochta a chur ar an eolas.

In 2024, rinneadh próiseas athbhreithnithe Cás-Staidéir um Measúnú Tionchair a reáchtáil ar bhonn píolótach agus deonaíodh dámhachtainí maoinithe feidhmíochta dar luach iomlán €5m do na cúig Institiúid Ardoideachais seo a leanas:

- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath - Ionad Frithbhulaíochta;
- Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh - Aghaidh a thabhairt ar riachtanais an Tionscail Bithchógaisíochta trí oideachas comhoibritheach dírithe Eolaíochtaí Beatha;
- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath – Ríomhaireacht chuimsitheach: for-rochtain náisiúnta d'oiliúint múinteoirí agus cumhachtú scoláirí;
- Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan – Oideachas pobail claochlaitheach: conairí a thacaíonn le pobail faoi mhíbhuntáiste rochtain a fháil ar an ardoideachas;
- Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt – Óglaigh na hÉireann: conairí oideachais do phearsanra liostáilte.

Seoladh Uirlis Féinmheastóireachta an Champas Shláintiúil ÚAO

I mí na Samhna 2024, sheol an tÚAO a Uirlis Féinmheastóireachta ar Champas Sláintiúil i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Arna fhorbairt don ÚAO ag foireann tionscadail chomhoibríoch faoi stiúir Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus comhghleacaithe ó Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus ó Ollscoil Luimnigh, cuirfidh an Uirlis ar chumas institiúidí féinmheasúnú cuimsitheach a dhéanamh ar a gcuid oibre maidir le sláinte agus folláine mac léinn agus foirne, lena n-áirítear Cairt agus Creat Champas Sláintiúil an ÚAO a chur i bhfeidhm agus Creat Náisiúnta um Mheabhairshláinte Mac Léinn agus um Fhéinmharú a Chosc. Tacaíonn an Uirlis le cur i bhfeidhm Phróiseas an Champais Shláintiúil trí mheasúnú riachtanas ar fud an champais a éascú chun riachtanais sláinte na mac léinn agus na foirne a aithint.

Gníomhaí Gaeilge

Tugadh aitheantas do mhic léinn san ardoideachas ina gcuid iarrachtaí an Ghaeilge a chur chun cinn ag Ócáid Dámhachtainí Gníomhaí Gaeilge i Márta 2024, i dTeach an Ardmhéara, Baile Átha Cliath. Ba é seo an dara bliain d'urraíocht trí bliana ón ÚAO chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn in Institiúidí Ardoideachais trí oiliúint, forbairt phearsanta, agus meantóireacht. Tríd an urraíocht, dhírigh Conradh na Gaeilge ar fhorbairt agus ar mhéadú líon na gcumann Gaeilge agus na nOifigeach Gaeilge san Ardoideachas. Cuireadh tús le bliain dheiridh an tionscnaimh in 2024/25, agus críochnóidh Conradh na Gaeilge tuarascáil ar chur i bhfeidhm an tionscnaimh in 2025.

TU RISE

Ba é deireadh 2024 an chéad bhliain d'oibriú Scéim Taighde agus Nuálaíochta na nOllscoileanna Teicneolaíochta chun Tacú le Fiontraíocht (TU RISE). Tá TU RISE á chómhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach trí Chlár Réigiúnach an Deiscirt, an Oirthir agus Lár Tíre 2021-27, agus trí Chlár Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair 2021-27. Le haghaidh 2024, cuireadh próiseas tuairiscithe eatramhach i gcrích agus chuaigh an eagraíocht i dteagmháil leis na hInstitiúidí ardoideachais maidir le cúrsaí oibríochtúla. I rith na bliana ghlac an tÚAO páirt i gcruinnithe Choiste Monatóireachta an Tionóil Réigiúnaigh ina raibh Comhlachtaí Idirmheánacha eile agus an Coimisiún Eorpach (DG REGIO) i láthair freisin.



Grúpa Leantach Bologna: Grúpa Oibre um Foghlaim & Teagasc

Le linn 2024, chuir an Grúpa Oibre um Foghlaim & Teagasc (le ceann de na comhchathaoirligh ainmnithe ag an ÚAO) a chuid oibre i gcrích trí thuarascáil ar ghníomhaíochtaí a chur isteach thar théarma an ghrúpa oibre seo. Trí na gníomhaíochtaí piarfhoghlama éagsúla a bhí ar siúl ar fud na hEorpa, a chlúdaigh raon leathan coincheapa foghlama agus teagaisc, chuir an grúpa oibre a ionchur isteach chuig Comhdháil Aireachta Limistéar Ardoideachais na hEorpa (LAE) i mí na Bealtaine 2024. Sheol an chomhdháil seo an Tirana Communiqué, a d'athdhearbhaigh tiomantais a rinneadh ag an dá chomhdháil roimhe seo (an Róimh agus Páras), agus é mar chuspóir aige LAE nuálach, cuimsitheach agus idirnasctha a bhaint amach. Clúdaíodh an Intleacht Shaorga sa communiqué trínar iarr an LAE go ndéanfaí cleachtais agus beartais nua a oiriúnú agus a fhorbairt ar leibhéal an chórais agus na hInstitiúide. I measc na réimsí eile a ndearna an grúpa oibre iniúchadh orthu a bhí le feiceáil sa communiqué bhí foghlaim mac léinn-lárnach, ról na foirne teagaisc san fhoghlaim nuálach, agus úsáid a bhaint as teicnící hibrideacha chun spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach.

Claochlú Digiteach

Le linn 2024, is féidir tionchar an chlaochlaithe dhigitigh a fheiceáil ar fud oibríochtaí an ardoideachais agus an taighde. Trí thionscnaimh atá maoinithe ag an ÚAO, chonaiceamar claochlú digiteach sna nithe seo a leanas:

- N-TUTORR: tá an claochlú digiteach ar cheann de na sé chroithéama gníomhaíochta a bhaineann leis an tionscadal seo. Ón méid sin, baineann na trí shruth oibre le cumhachtú mac léinn, cumais foirne agus éiceachórais dhigiteacha.
- Aithníonn an Dámhachtain Tionchair um Ailíniú Straitéiseach ar Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama (SATLE) tionscnaimh a bhfuil tionchar suntasach léirithe acu i réimsí tosaíochta náisiúnta lena n-áirítear claochlú digiteach, sláine acadúil, agus oideachas ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe. Is é teideal ceann de thionscadail an fhaighteora dámhachtana ná Ionracas Acadúil agus Todhchaí Dhigiteach.
- Scileanna: tríd an Tionscnamh Caipitil Dhaonna agus Springboard+, tá líon méadaitheach cúrsaí ag éirí digiteach, lena n-áirítear forbairt micridhintiúirí. Tá liosta cuimsitheach de na cúrsaí atá ar fáil ag Microcreds.ie, tionscnamh arna eagrú ag Cumann Ollscoileanna Éireann agus arna mhaoiniú faoin Tionscnamh Caipitil Dhaonna.

Go hidirnáisiúnta, bhí an Intleacht Shaorga le feiceáil go suntasach in obair Ghrúpa Oibre Limistéar Ardoideachais na hEorpa um Foghlaim & Teagasc. Rinne an grúpa seo taighde agus chuir siad leis an Tirana Communiqué. Maidir leis an ÚAO, rinneadh Comhairleoir Beartais den Dr James O'Sullivan don Fhóram Náisiúnta um Theagasc agus Foghlaim ar intleacht shaorga. Fiosróidh a chuid oibre conas is féidir an intleacht shaorga a ghíaráil chun cleachtais teagaisc agus foghlama a nuáil agus a fheabhsú. Is post ar iasacht é seo ar feadh tréimhse ocht mí dhéag.

I bhFócas

Cúrsaí Tréidliachta, Míochaine, Cógaisíochta agus Cúram Sláinte a Leathnú



Sa phictiúr ag cruinniú Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU) leis an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) ar leigheas tréidliachta agus cógaisíocht bhí ó (C go D): an tOllamh Peter McLoughlin, Ceann Scoil na hEolaíochta agus na Ríomhaireachta, an Dr Victoria Brownlee, Forbairt Chórais ÚAO, Tim Conlon, Beartas & Pleanáil an ÚAO, Eleanor Kent, Ceann Roinn na nEolaíochtaí Talún, an Dr Alan Wall, POF an ÚAO, an tOllamh Veronica Campbell, Uachtarán SETU, an Dr Mary - Kate Burke, Ceannaire Forbartha an Chláir um Leigheas Tréidliachta, Elaine Sheridan, Leas-Uachtarán Rialachas/Rúnaí na hOllscoile, Paul Quirke, Bainisteoir Tionscadal Caipitil (Port Láirge) agus Teresa Gallagher, Forbairt Chórais ÚAO.

Tar éis obair dhílisithe agus mheastóireachta a rinne an tÚAO, d'fhógair an Taoiseach Simon Harris TD, an tAire Patrick O'Donovan TD, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara Charlie McConalogue TD pleananna chun dhá scoil tréidliachta nua a sholáthar. Beidh na scoileanna nua in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU) agus Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU). Leithdháilfear maoiniú ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun tacú le forbairt áiseanna úrscothacha, earcaíocht dáimhe, agus clár oideachais nuálach atá curtha in oiriúint do riachtanais uathúla thírdhreach tréidliachta na hÉireann.

Méadú mór ar áiteanna cúram sláinte ar fud na hÉireann

D'fhógair an tAire Patrick O'Donovan TD méadú mór ar áiteanna cúram sláinte in Éirinn trí shé chlár nua a chruthú. Díghlasáladh €130 milliún ón gCiste Náisiúnta Oiliúna chun tacú le fás príomhdhisciplíní cúram sláinte, chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais chriticiúla fórsa saothair, agus chun oideachas cúram sláinte a fheabhsú ar fud na tíre. Mar chuid den tionscnamh seo, tar éis moltaí ón ÚAO, bunóidh roinnt ollscoileanna cláir nua sa Leigheas, sa Chógaisíocht agus san Fhiacloireacht.

Maidir le hathléimneacht na seirbhísí laethúla a sholáthraíonn an fheidhm TFC, suiteáladh nasc snáithíneach breise agus ballaí dóiteáin frontair nua i dtreo dheireadh na bliana seo. Cuirfear an chumraíocht dheiridh díobh seo i gcrích in 2025, agus bainfear pointí aonair teipe ónár líonra chun cosaint a thabhairt i gcoinne briseadh oibríochtúil a d’fhéadfadh a bheith ann. Ina theannta sin, chuireamar socrú nuashonraithe VPN i bhfeidhm chun rochtain iargúlta níos daingne a cheadú ar ár dtimpeallacht.

Claochlú Digiteach

Mar chuid de Chlár Claochlaithe an ÚAO, cuireadh bunachar sonraí láraithe Páirtithe Leasmhara agus Teagmhálacha agus uirlis bainistíochta Rioscaí agus Saincheistanna le haghaidh úsáid inmheánach ag an ÚAO i bhfeidhm i rith na bliana agus seoladh é i Ráithe 4 2024. CROÍ a thugtar ar an gcóras nua seo. Reáchtáladh seisiúin oiliúna d’fhoireann an ÚAO tar éis an tseolta agus cuireadh sraith treoracha úsáideoirí i bhfeidhm chun tacú le húsáid leanúnach an chórais. Seachadadh an tionscadal trí fhoireann tionscadal trasghearrthach, lena n-áirítear foireann an Chláir um Chlaochlú ÚAO, TF, Rialachas Córais agus Maoiniú Córais.

Oifigí ÚAO

In 2024, chuir an tÚAO síneadh lena thréimhse léasa de thrí urlár ag Uimh.3 Foirgnimh Shelbourne. Tar éis próiseas soláthair phoiblí, ceapadh conraitheoir chun tabhairt faoi oibreacha feistithe ar an 4^ú hUrlár, le dáta tosaithe i Ráithe 1 2025.

I bhFócas

An Clár Taighde Thuaidh-Theas (NSRP)



Is clár comhoibritheach uathúil de chuid Rialtas na hÉireann é an Clár Taighde Thuaidh-Theas a bhfuil luach €55.6 milliún air. Tá sé á sheachadadh ag an ÚAO thar ceann DFHERIS agus Aonad na nOileán Comhroinnte ag Roinn an Taoisigh.

Tacaíonn an clár le neartú nasc idir taighdeoirí, pobail taighde agus institiúidí ardoideachais ar fud oileán na hÉireann. Faoi Ghla 1, bronnadh maoiniú €37.28m san iomlán ar 62 tionscadal. Cuimsíonn gach tionscadal maoinithe ceannaire acadúil ó institiúid in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

Tionchar an Chláir

Tá na tionscadail ag tógáil acmhainne taighde ar an oileán, ag cothú comhoibrithe a bhfuil tionchar acu ar theagasc agus ar fhoghlaim in institiúidí ardoideachais agus ar phobail níos leithne agus atá ag forbairt conairí inbhuanaithe chun leanúint lena gcuid oibre amach anseo. Táthar ag súil go n-earcófar 509 taighdeoir don chlár faoi Ghla 1, agus go mbeidh thart ar 60% díobh lonnaithe in Éirinn agus 40% i dTuaisceart Éireann. Meastar gur taighdeoirí luathghairme iad 46% díobh siúd a fhostaítear sa chlár.

Tá tionscadail ag dul i ngleic le príomhcheisteanna atá os comhair gach duine a bhfuil cónaí orthu ar an oileán. Tá plean ullmhachta d'oileán na hÉireann maidir le beathú naíonán agus leanaí óga i gcásanna éigeandála forbartha ag IYCF-E-Ire agus tá measúnú déanta ag TALK4PEACE ar an gcaoi a bhféadfaí cláir oibre síochána a fhorbairt chun cuimsiú na mban agus na mionlach a mhéadú. Tá AICRIstart ag bunú líonra uile-oileáin freisin le haghaidh leigheas aise beacht, ag tabhairt eolaithe le chéile chun cóireáil agus cúram a chur chun cinn.

Tá maoiniú breise faighte ag roinnt de na tionscadail atá maoinithe cheana féin ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear FINIFOR a fuair €4.98m ó Horizon Europe, agus SNAPSHOT a fuair €500k ó chlár Research Ireland Frontiers.

I mí na Samhna 2024, tionóladh an chéad chomhdháil NSRP, *A Catalyst for All - Island Collaboration in Research Excellence*, i bPáirc an Chrócaigh. Mheall an ócáid breis agus 200 rannpháirtí agus thug sé deis spreagúil do dhaoine a bhí i láthair a gcuid taighde a nascadh, a roinnt agus a thaispeáint le rannpháirtithe eile a bhí páirteach sa chlár.



Cur Chun Cinn Cláir

Le linn 2024, d'fhreastail an tÚAO ar imeachtaí tionscadail, seimineáir, ceardlanna agus siompóisiam NSRP agus chuir sé chun cinn iad. Choimisiúnaigh an tÚAO cuideachta físghearaíochta chun sé fhíseán tionscadail dhomhain agus físeán bolscaireachta amháin a tháirgeadh don NSRP, a taispeánadh ag Comhdháil Lár an Chláir. Tá roinnt tionscadal NSRP curtha ar taispeáint freisin ar an seó clár eolaíochta "10 Things to Know About" de chuid RTÉ atá urraithe ag an ÚAO agus NSRP.

Gla 1 NSRP 2

Seoladh Gla 2 den NSRP i mí Dheireadh Fómhair 2024. Tá maoiniú €17.01 milliún ar fáil don Ghla atá dírithe ar Shraith II: Moil Barr Feabhais atá ag Teacht Chun Cinn agus ar Shraith III: Comhpháirtíochtaí Scála. Táthar ag súil le toradh an ghla i lár-20

5. Rialachas Corparáideach

Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tugann an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta faoi mheasúnú bliantúil ar chomhlíonadh a cuid oibleagáidí rialachais ag an ÚAO, go háirithe an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Chuir an tÚAO a Thuairisceán Dearbhaithe Comhlíonta bliantúil faoi bhráid na Roinne i mí na Samhna 2024.

Comhaontú Soláthar Feidhmíochta

D'aontaigh an tÚdarás Ardoideachais le Comhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Scileanna do 2024.

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 - 2015

Dualgas Comhionannais agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí

Is tosaíocht sheanbhunaithe é comhionannas don Údarás um Ard-Oideachas. Tugann an eagraíocht a luach don éagsúlacht agus féachann le bheith ina fhostóir comhionannais áit a spreagtar ionchur ó gach duine agus a dtugtar a luach do dhifríochtaí. Chuige sin, tá an ÚAO tiomanta dá chinntiú nach gcaitear ach go cothrom le gach ball foirne nó iarrthóir fostaíochta ar chúiseanna inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, reiligiúin, aoise, míchumais, a bheith de phobal mionlaigh eitnigh nó ar chúiseanna eile nach mbaineann le dea-chleachtas fostaíochta. Baineann sé seo le hearcú, dálaí oibre agus le deiseanna forbartha.

Chuaigh Oifigeach Idirchaidrimh Míchumais an ÚAO i mbun breisoiliúna agus uasoiliúna in 2024, lena n-áirítear topaicí ar nós míchumas dofheicthe a thuiscint san ionad oibre. D'fhreastail an DLO freisin ar an 'gComhdháil um Éagsúlacht Néareolaíoch san Ionad Oibre' i mí Mheán Fómhair 2024. Is rannpháirtí gníomhach é an DLO i líonra DLO na Seirbhíse Poiblí, príomh-mhalartú faisnéise agus fóram comhroinnte dea-chleachtais. Rinne an tÚAO athbhreithniú in 2024 ar ár dtreoirínte maidir le cóiríocht réasúnta a iarraidh agus chuir sé oiliúint ar fáil maidir le Disléicse san ionad oibre.

Tar éis achtú Acht an Údaráis um Ardoideachas 2022, tá sé de dhualgas ar an Údaráis um Ardoideachas tuairisceáin a dhéanamh anois faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas. Roimhe seo thug an tÚAO tuairisceáin don Roinn ar bhonn deonach. Fuarthas amach i ndaonáireamh an ÚAO ar an bhfoireann a bhí fostaithe amhail 31/12/24 go raibh 11% den fhoireann faoi mhíchumas, sáraíonn sé seo an sprioc náisiúnta de 6% do 2025.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

Leanann an tÚAO de bhearta cuí a dhéanamh chun sláinte, sábháilteacht agus leas gach fostaí agus cuairteora ina chuid oifigí a chosaint le go gcomhlíontar forálacha an Achta. Baineann sé seo chomh maith leis na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004. Tháinig Coiste Sláinte agus Sábháilteachta an ÚAO le chéile go rialta i rith 2024 ag díriú ar Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta an ÚAO agus ar eagrú na hoiliúna Sláinte agus Sábháilteachta don fhoireann, lena n - áirítear oiliúint Freagróir Garchabhrach. Feidhmíonn an tÚAO Clár Cúnamh d'Fhostaithe.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

De réir na nAchtanna thuas, tá glactha ag an Údarás um Ard-Oideachas le gnáthaimh maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na gnáthaimh sin i rith na bliana. Ní raibh aon idirbhearta i rith na bliana a chuaigh chun sochair do Chomhaltaí Boird.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ar aon dul le ceanglas dleathach an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, tá gnáthaimh i bhfeidhm agus á gcoinneáil ag an ÚAO i leith nochtaí cosanta a dhéanamh. Níor tugadh aon nochtadh cosanta ó bhall foirne le linn 2024. Is féidir nochtaí cosanta a dhéanamh le Príomhfheidhmeannach an ÚAO maidir le gnóthaí a bhaineann le planáil agus forbairt an ardoideachais agus taighde sa Stát agus gnóthaí a bhaineann le maoiniú institiúidí ardoideachais ag an ÚAO. Sa bhliain suas go dtí an 31 Nollaig 2024, fuair an tÚAO seacht dtuarascáil sheachtracha a spreag admháil faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú). Tá sonraí maidir le bainistiú na nochtuithe cosanta seo leagtha amach i dTuarascáil Bhliantúil um Nochtadh Cosanta an ÚAO atá ar fáil [anseo](#).

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tá an ÚAO tiomanta dá dhualgais a chomhlíonadh faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012. Tá an lucht bainistíochta sásta gur chomhlíon an tÚAO na forálacha sin ar gach bealach ábhartha.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tá an tÚdarás Ardoideachais tiomanta dá dhualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 a chomhlíonadh. Foilsítear Tuarascáil Bhliantúil an ÚAO agus a phríomhdhoiciméid beartais go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla ar láithreán gréasáin an ÚAO. I gcomhlíonadh le halt 3 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, d'fheidhmigh Padraic Mellett mar an t-oifigeach 4(b). I rith na bliana, mar chuid dár scéim teanga, cuireadh oiliúint Ghaeilge ar fáil don fhoireann ag Gaelchultúr.

In 2024, bhain an tÚAO páirtchomhlíonadh amach le hAlt 10(a) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021. Baineadh amach an t-íoschaitechas 5% a bhí ag teastáil ar fhógraíocht sna meáin Ghaeilge. Níor baineadh amach, áfach, ach timpeall 13.5% den riachtanas 20% a bhaineann le gach fógraíocht a bheith i nGaeilge. Tá sé seo mar gheall ar athrú ar an gcaoi a dtomhaistear comhlíonadh ar an ardán. In 2023 ba é méid na bhfógraí an méadrach a úsáideadh chun comhlíonadh a thomhas ach in 2024 bhí an méadrach bunaithe ar mhéid céatadáin an lucht féachana.

Ar an 23 Samhain 2023 rinneadh gearán (uimhir thagartha G6940/2023) leis an gCoimisinéir Teanga gur i mBéarla amháin a bhí córas glórphoist an ÚAO. Rinneadh uasdátú ar an gcóras glórphoist ina dhiaidh sin chun an dá theanga oifigiúla a ionchorprú. Cuireadh an Coimisinéir Teanga ar an eolas faoin nuashonrú ar an 22 Nollaig 2023. Ar an 22 Nollaig 2023, dheimhnigh an Coimisinéir Teanga gur réitíodh an gearán, agus dúnadh an comhad. Tá achoimre ar an ngearán seo san áireamh anseo toisc gur fágadh ar lár é ó Thuarascáil Bhliantúil 2023. In 2024, ní bhfuair an tÚAO aon ghearán ón gCoimisinéir Teanga.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Baineann forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise leis an Údarás um Ard-Oideachas. Leis an Acht seo, foráiltear ceart dlíthiúil do dhaoine aonair faisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí a rochtain, an fhaisnéis atá ina seilbh a bhaineann leis/léi a leasú má tá sí neamhiomlán, mícheart nó dá gcuirfeadh sé duine ar míthreoir agus fáthanna a fháil ar chinntí a théann i bhfeidhm air/uirthi féin.

Le linn 2024 fuair an tÚAO 39 iarratas faoin Acht.

Tugadh aghaidh orthu mar seo a leanas:

- Iarratais a Deonaíodh: 0
- Iarratais a Deonaíodh i bPáirt: 16
- Iarratais ar Diúltaíodh Dóibh: 12
- Iarratais ar déileáladh leo lasmuigh de Shaoráil Faisnéise: 8
- Iarratais tarraingthe siar: 2
- Iarratais aistrithe: 1

Déanfaidh an tÚAO gach iarracht rochtain a cheadú ar dhoiciméid ar an mbealach is trédhearcaí is féidir, de réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise.

Bhí 0 iarratas ar athbhreithniú inmheánach nó atreoruithe chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise.

Cosaint Sonraí

Tá an tÚAO tiomanta do chearta agus do phríobháideacht daoine aonair a chosaint de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí. Déanann an tÚAO athbhreithniú leanúnach ar a chleachtais lena chinntiú go bhfuil a chuid gníomhaíochtaí ag teacht le prionsabail na cosanta sonraí agus go gcosnaímid sonraí pearsanta i ngach rud a dhéanaimid. Áirítear leis seo clár cuimsitheach oiliúna agus feasachta don fhoireann. Thugamar faoi naoi Measúnacht Tionchair um Chosaint Sonraí in 2024, freisin, chun a chinntiú go ndearnadh gníomhaíochtaí próiseála sonraí nua nó nuashonraithe i gcomhréir leis an reachtaíocht um chosaint sonraí. In 2023-24 fuair an tÚAO 5 iarratas ar rochtain ar shonraí pearsanta, agóid amháin i gcoinne sonraí pearsanta a phróiseáil, agus 13 iarratas ar shonraí pearsanta a léirsciosadh. Tugadh aghaidh orthu go léir laistigh de na frámaí ama reachtúla.

Éifeachtúlacht Fuinnimh an ÚAO

Lean an tÚAO de dhul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir leis an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhaint amach le linn na tréimhse tuairiscithe seo, go háirithe maidir le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo spriocanna astaíochtaí gás ceaptha teasa 2030 agus spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh. B'ionann tomhaltas deiridh fuinnimh an ÚAO in 2024 agus 87,103 kWh a bhí 23% níos ísle ná tomhaltas 2023 de 112,936 kWh. Faoi 2024, bhí feabhas 82.1% tagtha ar fheidhmíocht fuinnimh ag baint úsáide as méadrachtaí SEAI ón mbonnlíne.

Chuir an tÚAO a Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide i bhfeidhm agus nuashonraigh sé é le linn na tréimhse tuairiscithe. Tá an Bord agus Foireann Ardbhainistíochta an ÚAO tiomanta do Straitéis na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i gcrích. Tugann Plean Straitéiseach Corparáideach an ÚAO 2023 go 2026 breac-chuntas ar a thiomantas do ghníomhú ar son na haeráide agus d'imbhuanaítheacht.

Meastar go dtiocfaidh méadú ar ídiú fuinnimh nuair a bheidh urlár nua an ÚAO críochnaithe go hiomlán in 2025. Tá cur i bhfeidhm príomhghníomhartha laistigh d'oifigí an ÚAO - go háirithe iarfheistiú LEDanna le rialuithe soilsithe - idirnasctha le plananna caiteachais chaipitil le haghaidh leathnú agus athchóiriú oifige chun freastal ar líon méadaithe fostaithe.

Ag tús 2024, scoir an foirgneamh de bheith ag baint úsáide as coirí gáis nádúrtha le haghaidh téimh agus aistrithe go córais téimh VRF níos éifeachtaí. In 2024, rinne an tiarna talún uasghrádú suntasach ar fhoirgnimh chun lorg carbóin foriomlán an fhoirgnimh a laghdú lena n-áirítear córas bainistíochta foirgnimh nua (BMS), córas an Aonaid Láimhseála Aeir (AHU), insliú fabraice agus córais painéil díon gréine.

Bliain (sonraí SEAI)	2022	2023	2024
Ídiú Fuinnimh Deiridh Iomlán kWh	116,980	112,936	87,103
Iomlán na n-astaíochtaí CO ₂	33.2	28.2	22.7

Chomhlíon an tÚAO Ciorclán 1/2020 agus d’íoc sé €955 leis an gCiste Gníomhaíochta Aeráide DECC chun 17.05 tonna CO2 (tCO₂) a fhritháireamh mar gheall ar thaisteal oifigiúil aeir in 2024.

Oideachas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe

Tá ionadaíocht ag an ÚAO ar Ghrúpa Comhairleach Oideachais um Fhorbairt Inbhuanaithe DFHERIS (ESD) don Bhreisoideachas agus don Ardoideachas. Déanann an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), an Roinn Oideachais (DoE), agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) comhurraíocht ar chur i bhfeidhm an ‘Dara Straitéis Náisiúnta um Oideachas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe: ESD go 2030 ‘ Bhunaigh na trí Roinn Grúpa Stiúrtha uileghabhálach ESD go 2030 ina gcuimsítear Ranna Rialtais agus príomhghníomhaireachtaí ábhartha chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ESD go 2030 atá ailínithe le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDG) 4.7.

Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

Faisnéis

Seoladh:	3 Foirgnimh Shíol Bhroin, Ascaill Crampton, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4.
Iniúcháirí:	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1..
Baincéirí:	Banc AIB cpt, 1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.
Comhairleoirí dlí:	Eversheds Sutherland, Ionad Phort an Iarla 1 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2.

Clár

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird	56
Ráiteas maidir leis an gCóras Rialuithe Inmheánacha	65
Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste	68
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinneála	70
An Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach	71
Ráiteas ar Staid Airgeadais	72
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid	73
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	74
Sceideal 1 (c) Ioncam Deontais	94

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird

Reachtaíocht

Bunaíodh an tÚdarás um Ard-Oideachas faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971. Aisghaireadh an tAcht sin agus cuireadh Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022 ina áit, ar cuireadh tús leis an 10 Samhain 2022. Leagtar amach feidhmeanna an Údaráis um Ard-Oideachas i gCuid 9 den Acht sin.

Rialachas

Tá Bord an Údaráis um Ard-Oideachas freagrach don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Tugann sé faoin gcúram úd trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir leis na príomhcheisteanna gnó ar fad. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistiú, rialú agus stiúradh an Údaráis um Ard-Oideachas ó lá go lá. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an treoir straitéiseach fhorleathan atá leagtha síos ag an mbord, agus ní mór dóibh a chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag na comhaltaí boird uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an aonán, agus aon rioscaí suntasacha a d'fhéadadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar cheangal díreach idir an Bord agus bainistíocht an Údaráis um Ard-Oideachas.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i Sceideal na nÁbhar atá Forchoimeádta don Bhord ina bhfuil na hábhair atá forchoimeádta go sonrach le haghaidh chinneadh an bhoird. I measc na míreanna buana a bhreithníonn an bord tá siad seo a leanas:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha,
- tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais,
- tuarascálacha feidhmiúcháin.

Déanann an Bord iarracht na prionsabal is fearr maidir le dea-chleachtas na hearnála poiblí a chomhlíonadh ina chuid gníomhaíochtaí féin agus san úsáid a bhaineann sé as coistí.

Ceanglaítear ar an Údarás um Ard-Oideachas faoi Alt 22 d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022 na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách a choimeád ar an airgead go léir a fhaigheann nó a chaitheann an Bord, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar bord an Údaráis um Ard-Oideachas:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais reatha mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go rachaidh sé ar aghaidh i mbun oibríochta; agus
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin infheidhme chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn ag aon tráth a staid airgeadais agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22 d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022.

Tá an Bord freagrach as plean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht an Údaráis um Ard-Oideachas faoi threoir an phlean bhliantúil ar an 25 Márta 2025.

Tá an Bord freagrach as sócmhainní an Údaráis um Ard-Oideachas a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh i dtaobh calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aithint.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Údaráis um Ard-Oideachas léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Údaráis um Ard-Oideachas amhail an 31 Nollaig 2024.

Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach amháin agus aon Ghnáthchomhalta dhéag ar Bhord an Údaráis um Ard-Oideachas faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022. Is é an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a cheapann na comhaltaí. I mí Iúil 2024 chuir an Cathaoirleach críoch lena dhara téarma oifige ar an mBord agus d'ainmnigh an tAire Cathaoirleach Eatramhach do Chomhalta a bhí ann cheana go dtí go gceapfar Cathaoirleach nua.

Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí 6 chomhalta (55%) baineann agus 5 chomhalta fireann (45%) ag an mBord, agus post amháin folamh acu. Dá bhrí sin, comhlíonann comhdhéanamh an Bhoird sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne.

Comhalta Boird	Ról	Ceaptha
Michael Horgan	Cathaoirleach	27/07/2016
Niall Connors*	Cathaoirleach Eatramhach	10/11/2023
Chris Clifford	Gnáthchomhalta	01/07/2023
Fiona Killard Lynch	Gnáthchomhalta	10/11/2023
Lianne Patterson	Gnáthchomhalta	10/11/2023
Mark Rogers	Gnáthchomhalta	10/11/2023
Paula Fyans	Gnáthchomhalta	10/11/2023
Rory O'Sullivan	Gnáthchomhalta	10/11/2023
Nessa McEniff	Gnáthchomhalta	10/11/2023
Dermot Mc Carthy	Gnáthchomhalta	10/11/2023
Anne Scott	Gnáthchomhalta	10/11/2023
Rosemary Day	Gnáthchomhalta	10/11/2023

Athruithe Boird le linn 2024

Chuir an tUasal Michael Horgan críoch lena dhara téarma oifige mar Chathaoirleach ar an Údarás um Ard-Oideachas ar an 24 Iúil 2024. Ar an 16 Deireadh Fómhair 2024 d'ainmnigh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta an tUasal Niall Connors mar Chathaoirleach Eatramhach ar an 16 Deireadh Fómhair, 2024.

Total Board Meetings	7
Michael Horgan	4/4
Niall Connors	6/7
Chris Clifford	5/7
Fiona Killard Lynch	6/7
Lianne Patterson	7/7
Mark Rogers	7/7
Paula Fyans	7/7
Rory O'Sullivan	6/7
Nessa McEniff	7/7
Dermot Mc Carthy	7/7
Anne Scott	7/7
Rosemary Day	7/7

Sonraítear sa tábla thíos comhaltaí an Bhoird le linn na bliana agus a ndáta ceapacháin.

* Cheap an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta Niall Connors mar chathaoirleach eatramhach an 16ú Deireadh Fómhair 2024

Meastóireacht ar an mBord

Rinne an Bord féinmheastóireacht ar a éifeachtacht i mí na Nollag 2024 agus breithníodh na torthaí ag a chruinniú ar an 28 Eanáir 2025.

Sceideal Tinrimh

Tháinig an Bord le chéile 7 n-uaire le linn 2024. Tá sonraí tinrimh na gComhaltaí leagtha amach thíos:

Tá sonraí i ndáil le táillí agus costais chomhaltaí Boird ar fad le fáil i Nóta 18 leis na Ráitis Airgeadais.

Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Cothaíonn an tÚdarás Ardoideachais cultúr éagsúlachta, comhionannais agus cuimsithe laistigh den eagraíocht agus cuireann sé beartais agus cleachtais i bhfeidhm a chuireann comhdheiseanna chun cinn do gach ball foirne beag beann ar chine, inscne nó aois.

An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

In 2021, bunaíodh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) mar fho-bhord den Údarás um Ard-Oideachas agus is é an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a cheapann comhaltaí na Comhairle. Ar an 1 Lúnasa 2024 bunaíodh gníomhaireacht nua maoinithe taighde agus nuálaíochta Taighde Éireann tar éis thosach feidhme an Achta um Thaighde agus Nuálaíocht 2024. Rinne an ghníomhaireacht nua gníomhaíochtaí agus feidhmeanna na Comhairle um Thaighde in Éirinn agus Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a chónascadh. Feidhmíonn Taighde Éireann faoi choimirce na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Díscaoileadh an Chomhairle nuair a bunaíodh an ghníomhaireacht nua an 1 Lúnasa 2024.

Bhí cathaoirleach, deichniúr gnáthchomhalta agus comhalta de bhrí oifige ar an gComhairle. Bhí dhá fholúntas do ghnáthchomhaltaí ar an gComhairle in 2024. Ba é ról na Comhairle taighde den scoth a chur chun cinn agus tacú leis i ngach disciplín agus céim gairme. Thuairiscigh an Chomhairle don Bhord tar éis gach cruinnithe. Tháinig an Chomhairle le chéile 4 huaire le linn 2024. .

Seo a leanas comhaltaí na Comhairle um Thaighde in Éirinn le linn na bliana agus a ndáta ceapacháin:

Comhalta na Comhairle	Ról	Ceaptha	Cruinnithe An Líon Daoine i Láthair
Daniel Carey	Cathaoirleach	31/08/2022	4/4
Catherine Godson	Gnáthchomhalta	04/01/2023	4/4
Patricia Kearney	Gnáthchomhalta	04/01/2023	4/4
Liam Barry	Gnáthchomhalta	04/01/2023	4/4
Turlough Downes	Gnáthchomhalta	25/08/2023	4/4
Orla Muldoon	Gnáthchomhalta	25/08/2023	4/4
Claire Connolly	Gnáthchomhalta	30/11/2021	4/4
Colin Scott	Gnáthchomhalta	30/11/2021	4/4
Sinéad Ryan	Gnáthchomhalta	20/09/2022	3/4
Peter Brown	Comhalta de bhrí oifige	03/07/2023	4/4

Coistí

An Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais

1. An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Is é ról an Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais (ARFC) tacú leis an mBord a chinntiú go bhfuil rialuithe éifeachtacha inmheánacha, comhlíonadh, rialachas, socruithe airgeadais agus bainistíochta riosca i bhfeidhm san Údarás um Ardoideachas. Bunaíodh an Coiste seo ar dtús mar Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC). I mí Iúil 2024, d'fhaomh an Bord leathnú ar a shainchúram chun maoirseacht ar airgeadas an ÚAO a chur san áireamh agus chun athruithe ar bhallraíocht an Choiste a cheadú freisin. Leasaíodh ainm an Choiste chuig an gCoiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais. Tá an ARFC neamhspleách ar bhainistiú airgeadais na heagraíochta. Cuireann siad léargas neamhspleách ar fáil maidir le rioscaí agus córais bainistithe riosca. Áirithíonn an ARFC go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an ARC/ARFC don Bhord tar éis gach cruinnithe agus tháinig siad le chéile 4 huairé le linn 2024. Seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus an Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais i rith na bliana:

2. An Coiste um Theagasc, Foghlaim agus Rannpháirtíocht Mac Léinn

Is é ról an Choiste um Theagasc, Foghlaim agus Rannpháirtíocht Mac Léinn (SETL) comhairle a chur ar an mBord agus moltaí a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht mac léinn agus tosaíochtaí teagaisc agus foghlama faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022, Acht na nOllscoileanna 1997, Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta 2006, agus Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018. Tuairiscíonn SETL don Bhord tar éis gach cruinnithe. Bhí ionadaithe ar SETL ó réimse leathan páirtithe leasmhara in ardoideachas na hÉireann lena n-áirítear comhaltaí boird, mic léinn, acadóirí, bainisteoirí sinsearachacha agus lucht déanta beartas. Tháinig SETL le chéile 5 huairé le linn 2024. Seo a leanas comhaltaí an Choiste um Theagasc, Foghlaim agus Rannpháirtíocht Mac Léinn i rith na bliana: Irish higher education including board members, students, academics, senior managers and policy makers. The SETL met 5 times during 2024. The members of the Student Engagement and Teaching and Learning Committee during the year were as follows:

Comhalta	Cruinnithe An Líon Daoine i Láthair (ARC)	Cruinnithe An Líon Daoine i Láthair (ARFC)
Fiona Killard Lynch – Chair	2/2	2/2
Mark Rogers	2/2	N/A
Paula Fyans	2/2	N/A
Anne Scott	2/2	2/2
Lianne Patterson	2/2	2/2
Niall Connors	2/2	2/2
Chris Clifford	1/2	2/2
Dermot Mc Carthy	2/2	N/A
Rosemary Day	2/2	N/A
Anne Brady (External)	2/2	2/2

Comhalta	Cruinnithe An Líon Daoine i Láthair
Marie Clarke (Chairperson)	5/5
Áine Ní Shé (External)	4/5
Anne Scott	2/2
Chris Clifford	3/5
Claire McGee (External)	1/1
Frances O’Connell (External)	5/5
Kerstin Mey (External)	1/2
Leo Casey (External)	4/5
Martha Ní Riada (External)	1/2
Nessa McEniff	4/5
Paul McSweeney (External)	3/5
Paula Fyans	5/5
Roisín Morris Drennan (External)	4/5
Rory O’Sullivan	2/2
Rosemary Day	5/5
Bryan O’Mahony (External)	1/5
Alison Cook-Sather* (External)	4/4
Jan McArthur* (External)	3/4
Hannah Kelly (External)	0/0

* Ceapadh Alison Cook-Sather agus Jan Mc Arthur mar chomhaltaí seachtracha ar an gCoiste ar an 8 Aibreán 2024.

D’éirigh Anne Scott agus Rory O’Sullivan as an gCoiste ar an 21úil 2024 tar éis don Bhord athstruchtúrú agus ballraíocht an Choiste a fhaomhadh.

Ina theannta sin, d’éirigh na comhaltaí seo a leanas as an gCoiste i rith na bliana.

Comhalta	Dáta an Éirí As
Claire McGee (External)	14/05/2024
Kerstin Mey (External)	22/07/2024
Martha Ní Riada (External)	06/06/2024
Hannah Kelly (External)	31/01/2024

3. An Coiste um Maoiniú agus Formhaoirseacht Córais

Is é ról an Choiste um Maoiniú agus Formhaoirseacht Córais (SFO) comhairle agus moltaí a thabhairt don Bhord maidir le leithdháileadh agus monatóireacht ar mhaoiniú agus rialachas agus maoirseacht airgeadais na n-institiúidí ardoideachais. Bunaíodh an Coiste seo mar Choiste Airgeadais (FIN) ar dtús. I mí Iúil 2024, cheadaigh an Bord athstruchtúrú an Choiste seo chun maoirseacht rialachais ar na hinstiúidí ardoideachais a chur san áireamh agus go n-aistreadh nithe a bhaineann le maoirseacht ar airgeadas an ÚAO chuig an gCoiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais. Cheadaigh an Bord athbhreithnithe ar bhallraíocht an Choiste ag an am seo freisin. Leasaíodh ainm an Choiste chuig an gCoiste um Maoiniú agus Formhaoirseacht Córais.

Tuairiscíonn an Coiste Airgeadais/an Coiste um Maoiniú agus Formhaoirseacht Córais don Bhord tar éis gach cruinnithe agus tháinig siad le chéile 4 huairé le linn 2024. Seo a leanas comhaltaí an Choiste Airgeadais/an Choiste um Maoiniú agus Formhaoirseacht Córais i rith na bliana:

Comhalta	Cruinnithe an Líon Daoine i Láthair	Cruinnithe an Líon Daoine i Láthair
	Coiste Airgeadais	Maoiniú Agus Formhaoirseacht Córais
Ruairí O'Sullivan (Cathaoirleach)	2/2	2/2
Mark Rogers	2/2	2/2
Paula Fyans	N/A	1/2
Fiona Killard Lynch	2/2	2/2
Lianne Patterson	1/2	2/2
Niall Connors	2/2	N/A
Chris Clifford	0/2	N/A
Dermot Mc Carthy	2/2	2/2
Nessa McEniff	2/2	2/2
Anne Brady (External)	2/2	2/2

4. An Coiste um Fhorbairt Córais

Is é ról an Choiste um Fhorbairt Córais comhairle a chur ar an mBord maidir le tosaíochtaí forbartha córais agus tacú le maoiniú a chur i bhfeidhm agus sin a úsáid chun tacú le beartas náisiúnta. Cuidiú le forbairt beartais agus pleanáil straitéiseach ar chóras comhordaithe d'institiúidí ardoideachais le misin shoiléire éagsúlaithe agus le fócas láidir ar thorthaí a thagann le tosaíochtaí náisiúnta. Tháinig an Coiste um Fhorbairt Córais le chéile 3 huairé i rith 2024. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste um Fhorbairt Chórais i rith na bliana:

Comhalta	Cruinnithe an Líon Daoine i Láthair
Niall Connors (Chairperson)	3/3
Rory O'Sullivan	3/3
Mark Rogers	3/3
Rosemary Day	2/3
Dermot Mc Carthy	2/3
Anne Scott	2/3
Marie Claire Van Hout (External)	1/1

Ceapadh Marie Claire Van Hout mar chomhalta seachtrach den Choiste ar an 7Samhain 2024.

Nochtadh a Éilítear de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chloígh an tÚdarás um Ard-Oideachas le ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear leis na gCód na nithe seo a leanas a nochtadh:

Sochair Ghearrthéarmacha d'Fhostaithe

Leagtar amach sochair ghearrthearma fostaithe níos mó ná €60,000 i nóta 16 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí foirceanta in 2024 nó 2023.

Costais Dlí agus Socraíochtaí

Níor tabhaíodh aon chostais dlí sa tréimhse tuairiscithe maidir le socruithe, imeachtaí réitigh nó eadrána. Ní chuimsítear leis an gcatagóir sin caiteachas a tabhaíodh i dtaca le comhairle dlí ghinearálta a cuireadh ar an Údarás um Ard-Oideachas agus a nochtar sna Costais Sainchomhairleoireachta thíos.

Costais Sainchomhairleoireachta

Gearradh na costais sainchomhairleachta seo a leanas ar Chostais Oibriúcháin:

	2024 €'000	2023 €'000
Athbhreithnithe Rialachais	0	65
Comhairle Chánach agus Achtúireach	5	7
Iniúchadh Inmheánach	34	51
Comhairle Dlí	48	57
Comhairle Beartais agus Taighde	668	694
Iniúchtaí Seachtracha, Athbhreithnithe agus Comhairleach 814		671
Sainchomhairleoireacht TF	209	112
Eile	47	74
	1,825	1,731

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Rangaítear caiteachas taistil agus cothaithe mar seo a leanas:

	2024 €'000	2023 €'000
Eiré		
Bord	12	12
Fostaithe	98	77
Comhaltaí na Comhairle um Thaighde in Éirinn agus Tríú Páirtithe	5	3
Idirnáisiúnta		
Bord	0	6
Fostaithe	58	50
Comhaltaí na Comhairle um Thaighde in Éirinn agus Tríú Páirtithe	7	0
Iomlán	180	148

Caiteachas Fáilteachais

Rangaítear caiteachas fáilteachais mar seo a leanas:

	2024 €'000	2023 €'000
Foireann	5	5
Bord	6	9
Tríú Páirtithe	12	20
Iomlán	23	34

An Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, chuige féin agus tá próisis agus nósanna imeachta curtha chun feidhme aige chun comhlíonadh fhorálacha an Chóid a chinntiú.

On behalf of the Board of the Higher Education Authority:



Niall Connors

Cathaoirleach Eatramhach Dáta: 17 Meitheamh 2025

Ráiteas maidir leis an gCóras Rialuithe Inmheánacha

An Réimse Freagrachta

Thar ceann Bhord an Údaráis um Ard-Oideachas, tuigim an fhreagracht atá orainn a chinntiú go gcothaítear agus go gcuirtear i bhfeidhm córas éifeachtach um rialuithe inmheánacha. Áirítear leis an bhfreagracht seo riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (COPGSB) (2016).

Cuspóir an Chórais Rialuithe Inmheánacha

Dearadh an córas rialuithe inmheánacha chun rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnach, agus ní ráthaíocht iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go gcoiscítear earráidí ábhartha nó mírialtachtaí, nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Bhí an córas rialuithe inmheánacha, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm ag an Údarás um Ard-Oideachas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 agus go dtí an dáta a faomhadh na ráitis airgeadais.

An Cumas Plé le Riosca

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag an Údarás um Ard-Oideachas ar a bhfuil ceathrar comhaltaí boird ar a laghad agus comhalta seachtrach amháin, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta acu. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile cúig huaire in 2024.

Rinneadh feidhm iniúchta inmheánaigh an Údaráis um Ard-Oideachas a sheachfhoinsiú chuig comhlacht gairmiúil neamhspleách, Deloitte tar éis tairisceana faoi chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais. Cheadaigh an bord Plean Iniúchta Inmheánaigh 2024. Áirítear leis an bplean sin athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha ar bhonn bliantúil.

D'fhorbair an tÚdarás um Ard-Oideachas beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach an fonn riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus tá mionsonraí ann maidir le ról agus freagrachtaí na foirne i dtaca le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann go léir atáthar ag súil a bheidh ag obair laistigh de bheartais bainistíochta riosca na Comhairle Ealaíon, d'fhonn an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi rioscaí a thagann chun cinn agus laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá gcuid réimsí oibre féin. Tá Clár Rioscaí bunaithe agus, chomh maith le breithniú a dhéanamh ar chúrsaí riosca ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, déanann an fhoireann bhainistíochta shinsearach athbhreithniú ar bhonn rialta ar na rioscaí a shainaithear mar rioscaí a bhaineann leis an Údarás um Ard-Oideachas.

Creat Rioscaí agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an Údarás um Ard-Oideachas lena sonraítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair an Údaráis um Ard-Oideachas agus aithníodh iad sin, rinneadh meastóireacht orthu, agus tugadh grád dóibh de réir a dtábhachta. Déanann an lucht bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár gach sé mhí, agus déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú air. Cuirtear toradh na measúnachtaí seo in úsáid chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh le háirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal oiriúnach.

Sonraíonn an clár riosca na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a laghdú agus déantar an fhreagracht a bhaineann le feidhmiú na rialuithe a shannadh do bhaill foirne faoi leith.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Is iad seo a leanas na bearta atá déanta ag an mBord le cinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe iomchuí i bhfeidhm:

- Freagrachtaí agus údarás bainistíochta a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir.
- Línte soiléire cuntasachta a chinntiú don lucht bainistíochta.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú trí fheidhmeanna coiste éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint.
- Nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéantar gníomh ceartaithe cuí.
- Cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt ar fud na heagraíochta.
- Ag glacadh agus ag cloígh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- Áirítear leis an timpeallacht rialaithe a chinntiú Coiste Iniúcháireachta agus Riosca gníomhach, feidhm iniúcháireachta inmheánaigh agus tuairisciú rialta don Bhord ar rioscaí airgeadais.
- Córas cuí buiséadaithe a chinntiú le buiséad bliantúil a dhéanann an Bord a athbhreithniú agus a fhormheas.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an Bhoird.

Tá an córas rialuithe inmheánacha bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, beartais agus nósanna imeachta lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta. Go sonrach, tá na córais fhaireacháin seo a leanas i bhfeidhm:

- Rinneadh na príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a aithint, agus tá próisis curtha i bhfeidhm le faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus le haon easnamh aitheanta a thuairisciú.
- Déanann an ardbhainistíocht agus an Bord athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais lena léirítear feidhmíocht in aghaidh buiséad.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás um Ard-Oideachas chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirلnte soláthair reatha mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Níor sainaithníodh aon laigí maidir le comhlíonadh rialacha agus treoirلnte soláthair le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024.

Pinsean Faoi/Ró-íocaíochtaí

Le linn na bliana aithníodh glaníocaíochtaí pinsin iomlána €185,632.

Bhain dhá chás ganníocaíochtaí dar luach €172,337 le baill foirne atá fostaithe go foirmiúil ag institiúid oideachais. In 2009 d'iarr an Roinn Oideachais ar an Údarás um Ard-Oideachas feidhmiú mar riarthóir don scéim pinsin seo. Mar sin féin, bhí sonraí a cuireadh ar fáil ag an am do bheirt de na baill seo mícheart. Cheadaigh an Roinn Oideachais na híocaíochtaí seo in 2024.

Tar éis athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar na híocaíochtaí pinsin go léir, aithníodh trí chás déag eile de ghearríocaíochtaí arbh ionann iad agus €26,184 agus íocadh iad seo ina n-iomláine in 2024. Ina theannta sin, bhí 15 chás ró-íocaíochtaí le pinsinéirí arbh ionann iad agus €12,909. Tá pleananna aisíocaíochta aontaithe le 10 bpinsinéir maidir le €9,061 agus tá athbhreithniú ar siúl i gcónaí maidir leis an 5 phinsinéir eile.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil cleachtais ag an Údarás um Ard-Oideachas chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis um Ardoideachas ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha, na n-iniúcháirí seachtracha, an Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre agus na hard-bhainistíochta laistigh den Údarás um Ardoideachas atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Críochnaíodh athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha in 2024 Bhreithnigh an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais é seo ar an 9 Nollaig 2024 agus d'fhaomh an Bord é ar an 17 Nollaig 2024.

Níor aithníodh aon laigí i rialú a dteastaíonn iad a nochtadh sa Ráiteas maidir leis an gCóras Rialuithe Inmheánacha.



Niall Connors
Cathaoirleach Eatramhach

Dáta: 17 Meitheamh 2025



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

An tÚdarás um Ard-Oideachas

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of An tÚdarás um Ard-Oideachas for the year ended 31 December 2024 as required under the provisions of the Higher Education Authority Act 2022. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of An tÚdarás at 31 December 2024 and of its income and expenditure for 2024 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of An tÚdarás and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

An tÚdarás has presented certain other information together with the financial statements. This comprises a governance statement and Board members' report, a statement on the system of internal controls, and a schedule of grant income. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in regard to those matters.

Seamus McCarthy

Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General

23 June 2025

Appendix to the report

Responsibilities of Board members

The Board members are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under the Higher Education Authority Act 2022
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 22 of the Higher Education Authority Act 2022 to audit the financial statements of An tÚdarás and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.

- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the ability of An tÚdarás to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause An tÚdarás to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to bodies in receipt of substantial funding from the State in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

